



An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann
Tuarascáil Bhliantúil 2019





An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann

An Chairt do Chustaiméirí

Bunaíodh an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann le dlí chun próiseas achomharc a chur ar fáil, próiseas a bheadh neamhspleách ó thaobh cúrsaí reachtúla de agus trína bhféadfadh comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann gearán a phróiseáil tríd an gcóras um Shásamh in Éagóracha agus atá fós míshásta leis an toradh casaoide a chur faoi bhráid an Ombudsman lena hathbhreithniú.

Chomh maith leis sin, glacann an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann le gearáin a rinne iarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann go díreach, faoi réir coinníollacha áirithe.

De bhun alt 4 agus alt 6 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004, féadfaidh an tOmbudsman, ach amháin i gcás eisceachtaí áirithe, imscrúdú a dhéanamh ar ghníomh a rinne comhalta d'Óglaigh na hÉireann nó státseirbhíseach sa Roinn Cosanta, gníomh

- (a) a raibh tionchar díobhálach aige ar ghearánach nó a dhéanfadh tionchar díobhálach a bheith aige ar ghearánach,
- (b) i gcás –
 - (i) go ndearnadh nó go mb'fhéidir go ndearnadh an gníomh gan údarás cuí,
 - (ii) go ndearnadh nó go mb'fhéidir go ndearnadh an gníomh ar fhoras neamhábhartha,
 - (iii) gur neamart nó neamh-aire nó go mb'fhéidir gur neamart nó neamh-aire ba chúis leis an gníomh,
 - (iv) go raibh nó go mb'fhéidir go raibh an gníomh bunaithe ar fhaisnéis earráideach nó easpach,
 - (v) go raibh nó go mb'fhéidir go raibh an gníomh idirdhealaitheach go míchuí,
 - (vi) go raibh an gníomh míréasúnta, gan comhthéacs na timpeallachta míleata a chur san áireamh,
 - (vii) go raibh nó go mb'fhéidir go raibh an gníomh bunaithe ar chleachtas míchuibhiúil riaracháin, nó
 - (viii) go raibh an gníomh thairis sin contrártha do riarachán cóir nó fóna,
- (c) nárbh ordú a eisíodh le linn oibríocht mhíleata é an gníomh, agus
- (d) nach dócha go réiteofar an ní agus go ndeachaigh tréimhse 28 lá thart ó rinneadh an gearán faoi alt 114 d'Acht 1954, i gcás comhalta reatha d'Óglaigh na hÉireann.

Foráiltear le halt 6(3) den Acht do na teorainneacha ama seo a leanas le haghaidh fógra a thabhairt faoi ghearán don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann:-

- (3) Déanfaidh gearánach gearán dá dtagraítear i bhfo-ailt (1) agus (2) tráth nach déanaí ná 12 mhí –
 - (a) ó dháta an ghnímh lena mbaineann, nó
 - (b) ón dáta ar ar tháinig an gearánach ar an eolas faoin gníomh, Cibé acu is déanaí.

Féachann an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann le modh cóir, éasca le húsáid agus éasca le rochtain chun cásanna a bhreithniú a chur ar fáil.



Clár Ábhar

Gluais Téarmaí	5
Réamhrá	6
Buaicphointí 2019	10
Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc - 2019	12
Achoimrí ar Chásanna	21
Gnóthaí Corparáideacha	40

Is mian leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann buíochas a ghabháil le Preasoifig Óglaigh na hÉireann as cead a thabhairt dó úsáid a bhaint as na grianghraif atá ann sa Tuarascáil Bhliantúil seo.



Gluais Téarmaí agus Giorrúchán a úsáidtear sa Tuarascáil

DF	Óglaigh na hÉireann
ODF	An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann
Bde	Briogáid
Bn	Cathlán
DFHQ	Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann
DFTC	Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann
MO	Oifigeach Liachta
MIO	Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata
OC	Oifigeach i gCeannas
GOC	Ginearáloifigeach i gCeannas
COS	Ceann Foirne
NCO	Oifigeach Neamhchoimisiúnta
RDF/FCA	Na hÓglaigh Cúltaca
DFR	Rialachán Óglaigh na hÉireann
Unit Comdr	Ceannasaí Aonaid
FOCNS	Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh
ROW	Sásamh in Éagóracha
PO	Mionoifigeach (An tSeirbhís Chabhlaigh)
DCOS (Sp)	Leas-Cheann Foirne, Tacaíocht
Tech	Teicneoir
Coy Comdr	Ceannasaí Complachta
Sec Coy	Complacht Slándála
AC	An tAerchór
NS	An tSeirbhís Chabhlaigh
Moltaí	Moltaí a rinneadh don Aire Cosanta mar a fhoráiltear dó in alt 7 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004
EPMO	Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte
COMO	Oifig Bainistíochta na nOifigeach Coimisiúnta

1 Réamhrá:

Tá áthas orm an 14ú Tuarascáil Bhliantúil ón Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann, an dara Tuarascáil Bhliantúil uaim ó ceapadh mé i lár na bliana 2018, a chur i láthair don bhliain 2019. (Mar a tharla, clúdaíodh dhá bhliain, na blianta 2017 agus 2018, i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite). Moillíodh foilsiú na Tuarascála Bliantúla de bharr na srianta Covid-19 a bhí ann sa chéad leath den bhliain.

Sa Tuarascáil Bhliantúil do na blianta 2017 agus 2018, luaigh mé an méid seo a leanas:-

“Táim ag súil gurb amhlaidh, faoi dheireadh na bliana seo, go ndéanfar gach cás neamhréitithe (amhail na míonna tosaigh den bhliain seo) a chur i gcrích agus tuairisc a thabhairt orthu. Tá súil agam go ndéanfar na cásanna go léir a gheofar ina dhiaidh sin a chur i gcrích agus tuairisc a thabhairt orthu idir 6 seachtaine agus 8 seachtaine óna dtarchur le haghaidh imscrúdú iomlán, seachas in imthosca eisceachtúla.”

Is é an rud a tharla iarbhair sa bhliain 2019 ná gurbh amhlaidh faoi dheireadh na bliana sin go ndearnadh gach cás neamhréitithe amhail na míonna tosaigh den bhliain 2019 a chur i gcrích agus tuairisc a thabhairt orthu, nó go raibh siad á dtabhairt chun críche, cé is moite de chásanna beirt ghearánach, a raibh a gcásanna (14 cinn san iomlán) ina n-ábhar d’imscrúdú gníomhach nár cuireadh i gcrích faoi dheireadh na bliana. Bhí ag duine amháin de na gearánaigh sin dhá ghearán ar leith, a rinneadh idir na blianta 2013 agus 2018. Bhí ag an ngearánach eile dhá ghearán déag (12) ar leith, a rinneadh idir na blianta 2014 agus 2018. Sa dá chás sin, bhí nasc nó dlúthbhaint lena chéile ag roinnt de na gearáin. Táthar ag fanacht le tuilleadh faisnéise a fháil maidir le dhá ghearán agus, i gcás 12 ghearán, tá bearta gníomhacha á ndéanamh chun teacht ar réiteach.

Maidir leis na cásanna go léir eile, mar atá na cásanna sin a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2018 agus na cásanna nua a tosaíodh sa bhliain 2019, rinneadh an sprioc go ndéanfaí “na cásanna go léir a chur i gcrích agus tuairisc a thabhairt orthu idir 6 seachtaine agus 8 seachtaine

óna dtarchur le haghaidh imscrúdú iomlán” (nó ó dháta fála na faisnéise breise, má iarrtar í) a bhaint amach faoin ráithe dheiridh den bhliain 2019, agus táthar ag leanúint le déanamh amhlaidh sa bhliain 2020. Cé is moite de na cásanna sin dá dtagraítear sa mhír roimhe maidir le beirt ghearánach, níl aon riaráiste mór cásanna ann a thuilleadh, agus is é an t-aga comhlánaithe idir 6 seachtaine agus 8 seachtaine i leith cásanna reatha agus cásanna nua an norm sa bhliain 2020.

Sa bhliain 2019, thug mé tuairisc ar 60 cás (i gcomparáid le 52 chás sa bhliain 2018). Sheas mé, nó sheas mé go páirteach, le gearáin i 28 gcás (thart ar 47% de na cásanna go léir a tarchuireadh chuig an Oifig seo; ba é 37% an figiúr don bhliain 2018).

Is le saincheist thábhachtach maidir le mo dhlínse a bhaineann ní tábhachtach amháin ar mian liom é a phlé trí bhíthin aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil seo. Baineann sé go háirithe le gearánaigh ar comhaltaí d’Óglaigh na hÉireann iad tráth dhéanamh a ngearáin, in ionad na ngearánach a d’éirigh as Óglaigh na hÉireann. Tá siad freagrach as céatadán an-bheag de na gearáin a dhéantar in aon bhliain ar leith.

Tá áthas orm a chur in iúl go bhfuil cúnamh iontach á thabhairt don Oifig seo fós ag Óglaigh na hÉireann agus go ndéantar dianiarracht faisnéis bhreise agus doiciméid bhreise a thabhairt don Oifig nuair a iarrtar amhlaidh. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an gCaptaen Peter Dunne as an gcúnamh luachmhar a thug sé. Bhí sé ar Oifigeach Idirchaidrimh Óglaigh na hÉireann don Oifig seo go dtí le déanaí, nuair a postaíodh é thar lear chuig an gCosaiv. Ba mhaith liom freisin fáilte a chur roimh an gCaptaen Darren Reilly, a tháinig i gcomharbacht ar an gCaptaen Dunne, as a cheapachán chun an ról thábhachtaigh sin agus táim ag súil le hobair i gcomhar leis.

Sa bhliain 2019, thug mé cuairt ar Dhún Uí Choileáin i gCorcaigh agus ar an mBunáit Chabhlaigh ar Inis Sionnach. Dea-eispéiris a bhí sa dá chuairt sin agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an mBriogáidire-Ghinearál Patrick Flynn (Ginearálóifigeach i gCeannas, an 1ú Bhriogáid), leis an gCeannasóir Mick Malone (Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh) agus leis na fir agus na mná go léir ag gach céim a thug aire mhaith domsa agus do m’fhoireann le linn an dá chuairt. Cuireadh cuairt bheartaithe ar Dhún Mhic

Stiofáin i gCill Chainnigh siar agus táthar dóchasach go dtabharfar an chuairt sin sa bhliain 2020. Tríd is tríd, ghnóthaigh mé a lán eolais ó na cuairteanna sin agus ó na cuairteanna a tugadh roimhe sin ar Dhún Chathail Bhrugha, ar Champa an Churraigh agus ar Aeradróm Mhic Easmainn, agus bainfidh mé leas astu i mo chuid oibre. Le linn na bliana 2019, thaitin liom cuairt a thabhairt ar oifigí Chumann Ionadaíochta na nOifigeach Coimisiúnta in Iarthar na Cathrach agus freastal ar a dhinnéar bliantúil in Óstán Theach Chill Uasaille, an Nás, agus ar dhinnéar bliantúil Chumann Ionadaíochta Chéimnigh eile na mBuan-Óglach in Óstán Shliabh Wolseley, an Tulach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Brian O'Neill, le Michael O'Flaherty agus le Lauren O'Donovan, mo bhaill foirne, as an gcabhair, an dúthracht agus an tacaíocht a thug siad sa bhliain 2019. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil freisin leis an

Uas. Paul Kehoe TD, an t-iarAire ar a bhfuil freagracht as Cosaint, agus leis an Uas. Leo Varadkar TD, an t-iarAire Cosanta. Gabhaim buíochas freisin leis an Uas. Maurice Quinn, an tArd-Rúnaí (a nguím gach rath air tar éis dó dul ar scor go luath), le foireann na Roinne Cosanta agus leis an Leas-Aimiréal Mark Mellett DSM, an Ceann Foirne. Tapaím an deis seo comhghairdeas a dhéanamh leis an Uas. Simon Coveney TD as a cheapachán mar Aire Gnóthaí Eachtracha agus Cosanta. Déanaim comhghairdeas freisin le Jacqui McCrum Uas. as a ceapachán mar Ard-Rúnaí ar an Roinn Cosanta agus guím gach rath uirthi ina ról nua tábhachtach.



Alan Mahon

An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann
Lúnasa 2020



Aguisín le Réamhrá Thuarascáil Bhliantúil 2019

Rialaítear mo dhlínse chun gearán a imscrúdú le forálacha an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004, agus go háirithe le hailt 4, 5, 6 agus 7 de.

Foráiltear dó seo a leanas le halt 6(3):-

“Déanfaidh gearánach gearán dá dtagraítear i bhfo-ailt

(1) agus (2) tráth nach déanaí ná 12 mhí –

(a) ó dháta an ghnímh lena mbaineann, nó

(b) ón dáta ar ar tháinig an gearánach ar an eolas faoin ngníomh, Cibé acu is déanaí.”

Tá an fhoráil follasach chuige sin: ní mór fógra a thabhairt faoin ngearán leis an Ombudsman dá oifig nó dá hoifig laistigh de 12 mhí ó dháta an ‘ghnímh’ (arb é an ní nó an teagmhas a bhfuiltear ag déanamh gearán faoi é) nó laistigh de 12 mhí ó theacht ar an eolas faoin ngníomh, cibé acu is déanaí. Ar an drochuair, níl aon fhoráil ann do na tréimhsí teorann sin a fhadú in aon imthosca ar bith.

Ábhar imní atá agam, áfach, is ea an dóigh ina gcinntear dáta an ghearáin leis an Oifig seo. I bhformhór mór na gcásanna, ní thagann aon deacracht chun cinn. I líon an-bheag cásanna, áfach, is féidir le deacracht teacht chun cinn agus is amhlaidh gur tharla sé sin roimhe seo.

Sa chleachtas, i gcás go gcuirfidh Gearánach (ar comhalta ar seirbhís d’Óglaigh na hÉireann é/í ag an am sin) gearán isteach, déanfaidh Óglaigh na hÉireann athbhreithniú inmheánach nó imscrúdú inmheánach air, rud a d’fhéadfadh dul ar aghaidh chomh fada leis an gCeann Foirne. De bhua alt 4(2)(d) d’Acht 2004, ní fhéadfaidh an Oifig seo imscrúdú a dhéanamh ar ghearán den sórt sin ach amháin 28 lá ar a laghad ó rinneadh an gearán agus más rud é “nach dócha go réiteofar an ní”. Arís, is amhlaidh sa chleachtas gur mó ná 28 lá, agus gur mó go mór ná 28 lá, an tréimhse a theastaíonn ó Óglaigh na hÉireann chun athbhreithniú inmheánach/imscrúdú inmheánach a chur i gcrích. Is é mo thaithí féin gur gnách go mbíonn údar agus ciall leis na moilleanna sin, mar shampla de bharr chastacht an ní, agus/nó toisc nach mór dul i dteagmháil le líon ard finnéithe, agus de bharr na fíriche gurb amhlaidh ina lán cásanna go bhfuil duine amháin nó níos mó de na finnéithe (nó an gearánach é/í

féin, go deimhin) ar sheirbhís thar lear. I bhformhór mór na gcásanna, réitítear an gearán laistigh de phróiseas athbhreithnithe inmheánaigh/imscrúdaithe inmheánaigh Óglaigh na hÉireann agus ní chuirtear isteach ar an Oifig seo, rud ar mór an chreidiúint don phróiseas inmheánach sin é. Rud eile de, creidim go dtéann sé chun tairbhe do ghearánaigh aonair, agus d’Óglaigh na hÉireann go ginearálta, nuair a réitítear a oiread gearán agus is féidir ar an mbealach sin.

Maidir leis na nósanna imeachta a bhaineann le gearáin a chur isteach agus lena n-imscrúdú ag an Ombudsman, is féidir iad a fháil i gCaibidil 2 de Threoir Riaracháin A7 ó Óglaigh na hÉireann. Is é atá i gceist leo go bunúsach ná forálacha alt 114 den Acht Cosanta, 1954, arna leasú.

Tugtar “Fógra Gearáin” ar an doiciméad tionscnaimh i ngearán alt 114. Luaitear an méid seo a leanas i míreanna 219 agus 220 i gCaibidil 2 de Threoir Riaracháin A7:-

“219. Ar ghearán i scríbhinn a fháil lena n-iarrtar sásamh in éagóracha de bhun alt 114 den Acht Cosanta, déanfaidh an tOifigeach Ceannais, laistigh d’aga treorach Seacht (7) lá, a chur faoi deara go seolfar ‘Fógra Gearáin’ chuig an gCeann Foirne (féach Iarscríbhinn A) trí na gnáthchainéil mhíleata (Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte/Oifig Bainistíochta na nOifigeach Coimisiúnta), agus seolfar cóip chuig Ginearálóifigeach i gCeannas na Briogáidelan Ghrúpa lena mbaineann nó chuig a chombhionann.

220. Ar ‘Fhógra Gearáin’ a fháil de bhun alt 219 thuas, déanfaidh Stiúrthóir na Rannóige um Bainistíocht Acmhainní Daonna laistigh d’aga treorach Seacht (7) lá, a chur faoi deara thar ceann an Chinn Foirne, go seolfar fógra den sórt sin chuig an Aire agus chuig an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann.”

Is é an glantoradh atá ar an nós imeachta sin ná go gcuirtear cóip den Fhógra Gearáin chuig an Ombudsman laistigh de thréimhse thart ar 14 lá ón dáta ar ar cuireadh an gearán isteach, ar dá bharr a thagann an tOmbudsman ar an eolas faoin ‘ngníomh’ a bhfuil gearán á dhéanamh faoi agus a thugtar míniú achomair dó/di faoin ngearán agus faoin sásamh atá á iarraidh. Is é sin an próiseas a

tharlaíonn sa chleachtas. Is é an staid, dá bhrí sin, ná go bhfaigheann an Oifig seo Fógraí Gearáin ar bhonn rialta agus go gcomhdaíonn sí iad go cuí. Ós rud é gur laistigh de chóras athbhreithnithe inmheánaigh/imscrúdaithe inmheánaigh Óglaigh na hÉireann a réitítear formhór na ngearán sin, ní dhéanann an tOmbudsman iad a athbhreithniú ná a imscrúdú sa deireadh. Ní imscrúdaíonn an Oifig seo ach an líon beag cásanna sin nach réitítear go himmheánach. Sa chleachtas, is minic nach ndéantar an iarraidh ar an Oifig seo imscrúdú a dhéanamh ach roinnt mhaith míonna tar éis an Fógra Gearáin a chur isteach agus tar éis próiseas imscrúdaithe inmheánaigh Óglaigh na hÉireann a shaothrú.

Go dtí an bhliain seo, bhí an Oifig seo ag obair ar an mbonn gurb é an dáta cinntitheach chun críche alt 6(3)(a) d'Acht 2004 (i.e. an dáta óna dtomhaistear an tréimhse 12 mhí le haghaidh gearán a dhéanamh leis an Ombudsman) an dáta ar a roghnaíonn an Gearánach imscrúdú ón Ombudsman a thionscnamh, rud a bhíonn roinnt mhaith míonna tar éis an dáta ar a dtugtar fógra don Oifig seo faoin bhFógra Gearáin tionscnaimh de ghnáth.

Dá ainneoin sin, is é an ghné atá ag déanamh imní dom ná go dtarlaíonn sé in amanna gur mó ná 12 mhí tar éis dháta an 'ghnímh' an dáta sin (i.e. roinnt mhaith míonna tar éis an dáta ar a seoladh an Fógra Gearáin chuig an Oifig seo), go háirithe i gcásanna ina dtionscnaíonn an

Gearánach gearán alt 114 roinnt míonna tar éis dháta an 'ghnímh'. Mar shampla, tarlaíonn teagmhas nó 'gníomh' an 14 Eanáir 2019; cuireann an gearánach a F(h)ógra Gearáin isteach an 20 Iúil 2019; agus "seoltar" an Fógra Gearáin go cuí chun na hOifige seo an 2 Lúnasa 2019. Ar chúiseanna éagsúla, mar shampla finnítithe gan a bheith ar fáil, nó an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ceaptha gan a bheith ar fáil ar feadh tamaill toisc go bhfuil sé/sí ar shaoire bhliantúil agus/nó ar sheirbhís thar lear, agus/nó castacht an ní agus/nó an gá le soiléiriú dlíthiúil a fháil ó Bhrainse Seirbhísí Dlí Óglaigh na hÉireann, ní chuirtear an t-athbhreithniú inmheánach/an t-imscrúdú inmheánach ó Óglaigh na hÉireann i gcrích go dtí an 10 Feabhra 2020, agus ansin roghnaíonn an Gearánach iarraidh ar an Ombudsman an ní a imscrúdú toisc go bhfuil sé/sí míshásta leis an toradh. Sa sampla hipitéiseach sin, faigheann an Oifig seo fógra faoi rogha an Ghearánaigh an 16 Feabhra 2020, rud a spreagann imscrúdú ar an ngearán a thosú. Mar sin féin, is mó go mór é sin ná 12 mhí tar éis dháta an 'ghnímh' a bhfuil gearán á dhéanamh faoi agus, bunaithe ar an gcleachtas san am atá thart, ní chloíonn sé leis an tréimhse teorann 12 mhí dá bhforáiltear le halt 6(3)(a) d'Acht 2004.

Sa sampla sin, ba chinnte go mbeadh sé neamhréasúnach agus neamhchothrom ar fad locht a chur ar an nGearánach as an moill ar an ngearán uaidh/uaithe a chur isteach ar an gcéad dul síos (tá seans ann go raibh sé/sí ar sheirbhís thar lear ag an am, go ndearna sé/sí iarracht an ní a réiteach go neamhfoirmiúil nó, go deimhin, go



raibh sé/sí ag tógáil ama chun smaoineamh ar cad ba mhaith leis/léi a dhéanamh) nó locht a chur air/uirthi as an moill ar an athbhreithniú inmheánach/an imscrúdú inmheánach ó Óglaigh na hÉireann a chur i gcrích. Tá sé sin sa chomhthéacs nach bhfuil aon teorainn ama i bhfeidhm maidir le gearán a chur isteach chuig Óglaigh na hÉireann.

Ní dóigh liom gur léiriú cothrom é sin ná gurb é sin an aidhm a bhí ag an reachtas nuair a d'achtaigh sé Acht 2004. An bhfuil aon chúis dhleathach ann nach ionann agus “gearán leis an Ombudsman...” a dhéanamh de réir alt 6 d’Acht 2004 an fógra tosaigh a thugtar don Oifig seo faoi Fhógra Gearáin – rud a tharlaíonn de ghnáth laistigh de 14 lá ón uair a chuir an Gearánach isteach é – agus an bhfuil aon chúis dhleathach ann nár cheart iad a bheith ar an aon rud amháin? Is cinnte go gcuirtear an tOmbudsman ar an eolas faoin ngearán ón uair a thugtar an fógra tosaigh sin.

Mar thoradh ar an inní atá orm faoin tsaincheist sin, d’iarr mé an tuairim ó Abhcóide Sinsearach ina leith. Creidim go bhfuil sí cuí agus úsáideach an sliocht seo a leanas ón tuairim sin a lua:-

“Treoraítear dom gurb amhlaidh sa chleachtas gurb é atá sa ghnáthbhealach ina ndéantar gearán leis an

Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann ná go ngintear fógra gearáin laistigh d’Óglaigh na hÉireann de bhun alt 114 den Acht Cosanta, 1954, rud a sheoltar ar aghaidh chuig an Aire agus chuig an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann de réir alt 3(a) d’Acht 1954 arna chur isteach ag alt 13(c) d’Acht 2004.

Treoraítear dom freisin gurb amhlaidh, i gcás go mbeidh an Gearánach ar seirbhís fós laistigh d’Óglaigh na hÉireann, go ndéanfaidh Oifigeach imscrúdú ar an ngearán ar dtús agus, faoi rogha an Ghearánaigh, go bhféadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ón Oifigeach sin chuig Ginearálóifigeach i gCeannas an Ghearánaigh agus chuig an gCeann Foirne sa deireadh. Más rud é ag céim ar bith sa phróiseas go bhfuil an Gearánach sásta leis na cinntí a rinneadh nó leis an mbreith a tugadh, ní thabharfar an ní níos faide. Má tá an Gearánach míshásta leis na cinntí nó leis an mbreith ón gCeann Foirne, féadfaidh an Gearánach iarraidh ar an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann an ní a imscrúdú.

Iarrtar mo thuairim maidir le cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh sna himthosca sin, chun a dhéanamh amach cé acu ba laistigh den tréimhse fhorordaithe 12 mhí nó lasmuigh di a rinneadh an gearán leis an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann, gur cheart nó nár cheart a mbeas



gurb é an dáta ar a gcuirtear an fógra gearáin bunaidh ar aghaidh chuig an Ombudsman nó an dáta ar a dtugtar fógra don Ombudsman faoin gcinneadh ón nGearánach iarraidh ar an Ombudsman imscrúdú a dhéanamh an dáta ar a ndéantar an gearán leis an Ombudsman.

Níl aon amhras orm ach gurb é an dáta iomchuí an dáta ar a dtugtar an fógra gearáin bunaidh don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann agus níl aon deacracht agam é sin a chur in iúl."

Luaigh sé freisin:-

"...sa chleachtas a gcloítear leis iarbhír, is amhlaidh go dtugtar fógra don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann faoin ngearán nuair a fhaigheann sé cóip den fhógra gearáin. Níl aon ní ann i bhforálacha Acht 2004 a fhágann, dar liom, go mbeadh sé riachtanach nó ciallmhar gan breathnú ar an dáta sin mar dháta iomchuí le haghaidh gearán a dhéanamh leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

Os a choinne sin, d'fhéadfadh go dtiocfadh raon leathan deacrachtaí féideartha chun cinn dá measfaí gurb é atá sa dáta iomchuí ná dáta na hiarrata deireanaí ó Ghearánach ar an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann imscrúdú a dhéanamh tar éis dó/di a leigheasanna laistigh d'Óglaigh na hÉireann a shaothrú. Luaitear go soiléir in Acht 2004

nár cheart tarchur chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann a dhéanamh le haghaidh imscrúdaithe ach amháin tar éis na bealaí inmheánacha go léir le haghaidh sásaimh a shaothrú. Léirítear é sin i bhforálacha alt 4(3) (iii) agus (iv). Más rud é gur thóg sé níos mó ná 12 mhí ó dháta an ghnímh a bhfuil gearán á dhéanamh faoi chun an gearán a phróiseáil laistigh d'Óglaigh na hÉireann agus gur fhan an Gearánach go dtí gur cuireadh an próiseas sin i gcrích sular iarr sé/sí ar an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann imscrúdú a dhéanamh, ba léir go mbeadh sé fíor-neamhréasúnach agus ag teacht salach ar rún foriomlán an Achta mura mbeadh an tOmbudsman in ann imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán. Bheadh sé ina thoradh chomh mífhortúnach céanna dá mba rud é, chun a chinntiú nach gcaillfeadh sé/sí an deis gearán a dhéanamh leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann, go n-iarrfadh Gearánach ar an Ombudsman laistigh de 12 mhí ó dháta an ghnímh ach roimh phróiseas inmheánach Óglaigh na hÉireann a chur i gcrích imscrúdú a dhéanamh. Sa chás sin, d'fhéadfadh go mbeadh ar an Ombudsman diúltú d'imscrúdú a dhéanamh ar an mbonn nár cuireadh próiseas inmheánach Óglaigh na hÉireann i gcrích."

Tá sé fúmsa mar Ombudsman breith a thabhairt i gcásanna aonair ar cé acu atá nó nach bhfuil sé de dhlínse agam tabhairt faoi imscrúdú agus, chuige sin, táim faoi réir fhorálacha Acht 2004 go hiomlán. Ina theannta sin, is faoi réir Athbhreithniú Breithiúnach ag an Ard-Chúirt a bhíonn aon bhreith den sórt sin a thugaim ó thaobh dlínse de, i gcás go ndéanfar agóid ina haghaidh.

Dá réir sin, tá sé beartaithe agam caitheamh i gcásanna sa todhchaí leis an dáta ar a bhfaigheann an Oifig seo an Fógra Gearáin amhail is dá mbeadh an dáta iomchuí ann le haghaidh an tréimhse 12 mhí dá bhforáiltear le halt 6(3)(a) d'Acht 2004 a ríomh, faoi réir breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí i scríbhinn a fhaightear ón Aire, ón gCeann Foirne, ó Chumann Ionadaíochta Chéimnigh eile na mBuan-Óglach agus ó Chumann Ionadaíochta na nOifigeach Coimisiúnta, i gcás gur mian leo iad a dhéanamh. Scríobh mé chuig na páirtithe leasmhara sin dá réir.

Creidim, áfach, gur le leas Óglaigh na hÉireann, chun tairbhe do ghearánaigh fhéideartha agus le leas an cheartais atá an t-athrú atá beartaithe agam agus go léirítear go cothrom ann an rún a bhí ag an reachtas le linn dó Acht 2004 a achtú.



Alan Mahon
An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann
Lúnasa 2020



2 Buaicphointí 2019

FUARTHAS

103

FHÓGRA GEARÁIN

sa bhliain 2019. B'ionann é sin agus méadú 36% ar na 76 fhógra a fuarthas sa bhliain 2018. Gintear Fógra Gearáin ag an am a gcuirtear gearán isteach chuig Óglaigh na hÉireann ar dtús agus ag a gcuirtear cóip ar aghaidh chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann. Ní chuirfear tús le himscrúdú iomlán ón Ombudsman ach amháin i gcás nach réiteofar an gearán le linn phróiseas imscrúdaithe inmheánaigh Óglaigh na hÉireann (féach mír 3 thíos).

DEN 103
FHÓGRA GEARÁIN
A FUARTHAS,

bhain 81 cheann le Saighdiúirí Singil agus le hOifigigh Neamhchoimisiúnta agus bhain 22 cheann le hOifigigh (lenar áiríodh ceann amháin ó Dhalta Oifigigh). Maidir leis na Gearáin ó Oifigigh, b'ionann an figiúr sin agus méadú suntasach 550% ar na ceithre ghearán a fuarthas sa bhliain 2018.

TARCHUIREADH
17 GCÁS
NUA

chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann le haghaidh imscrúdú iomlán sa bhliain 2019. B'ionann é sin agus méadú 89% ar na naoi gcás nua a tarchuireadh chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann sa bhliain 2018.

BHÍ
74 CHÁS,

lenar áiríodh atreoruithe roimh an mbliain 2019, faoi athbhreithniú ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann sa bhliain 2019.

Chuir an
tOmbudsman
d'Óglaigh na hÉireann

60 cás i gcrích sa bhliain 2019. B'ionann é sin agus méadú 15% ar an líon cásanna a chuir an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann i gcrích sa bhliain 2019.

BHÍ
14 CÁS

fós faoi athbhreithniú ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2019. B'ionann é sin agus laghdú 75% ón 1 Eanáir 2019.



3

Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc - 2019

Fógraí Gearáin

Fuair an Oifig seo 103 Fhógra Gearáin ó Óglaigh na hÉireann sa bhliain 2019. B'ionann é sin agus méadú 36% ar na 76 ghearán ar tugadh fógra don Oifig seo fúthu sa bhliain 2018. Ba iad pearsana reatha nó iarphearsana céimeanna eile a rinne 81 cheann de na gearáin sin agus ba iad oifigigh choimisiúnta reatha nó iaroifigigh choimisiúnta a rinne an 22 cheann eile.

De na Fógraí a fuarthas sa bhliain 2019, rinneadh 35 cinn a tharraingt siar nó a réiteach le linn na bliana agus tarchuireadh 17 gcinn chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann le haghaidh imscrúdú. Ina theannta sin, fuair an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann 86 theagmháil dhíreacha ó chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann nó ó dhaoine den phobal maidir le ceisteanna, le hábhair inní nó le hiarrataí ar fhaisnéis. Bhí roinnt teagmhálacha díreacha ann freisin idir an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann agus na hÚdaráis Mhíleata agus comhaltaí aonair maidir le cásanna aonair. Ní thaifeadtar teagmhálacha den sórt sin chun críche staidrimh, áfach.

Gearáin a tarchuireadh go díreach chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

Ní mór do chomhaltaí reatha de na hÓglaigh Bhuana agus Cúltaca a ngearáin a phróiseáil ar dtús tríd an nós imeachta reachtúil um Shásamh in Éagóracha (alt 114 den Acht Cosanta, 1954) agus ní mór dóibh próiseas inmheánach Óglaigh na hÉireann a shaothrú ina iomláine sula dtarchuirfidh siad gearán chuig an Oifig seo. Féadfaidh iarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a ngearáin a tharchur go díreach chuig an Oifig seo, faoi réir fhorálacha an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004.

Sa bhliain 2019, níor tharchuir iarchomhaltaí aon ghearán go díreach chuig an Oifig seo.

¹ Féadfaidh comhaltaí ar seirbhís iarraidh ar an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann imscrúdú a thosú i gcás nár cuireadh imscrúdú inmheánach Óglaigh na hÉireann i gcrích laistigh de 28 lá ó ghearán a dhéanamh.

Cásanna a ndearna an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann athbhreithniú orthu sa bhliain 2019

Rinneadh 57 gcás a bhí faoi athbhreithniú ag an Oifig seo a thabhairt ar aghaidh an 1 Eanáir 2019. Le linn na bliana 2019, fuair an Oifig seo 17 gcás nua. B'ionann agus 74 chás an líon iomlán cásanna a bhí faoi athbhreithniú ag an Oifig sa bhliain 2019. Cuireadh 60 cás díobh sin i gcrích sa bhliain 2019. Bhí 14 chás fós faoi athbhreithniú an 31 Nollaig 2019 agus tugadh ar aghaidh iad lena mbreithniú sa bhliain 2020. B'ionann é sin agus laghdú 75% ar an líon a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2018 go dtí an bhliain 2019.

Sonraí maidir le Gearáin a ndearna an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann Imscrúdú Orthu sa Bhliain 2019

Leagtar amach sna Táblaí seo a leanas cineál na ngearán a ndearna an Oifig seo breithniú orthu le linn na bliana 2019. Leagtar amach na gearáin de réir grúpa míleata iontu. Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-áirítear le gearáin atá catagóirithe mar 'Drochriarachán' raon saincheisteanna éagsúla a bhain, mar shampla, le gearáin a rinneadh faoi bhreithmheas feidhmíochta agus saincheisteanna a bhain le hurscaoileadh, i measc nithe eile. Áirítear le gearáin atá catagóirithe mar 'Saincheisteanna Idirphearsanta' gearáin ar chosúil go bhfuil coinbhleacht phearsantachta agus/nó líomhaintí go ndearnadh iompar míchuí nó bulaíocht iontu.



Iomlán na gcásanna

Léirítear sa tábla seo a leanas an dul chun cinn a rinneadh ar na 74 chás le linn na bliana 2019 –

Réamh-Imscrúdú ar Siúl	Cásanna a Cuireadh i gCrích agus Tuarascáil Deiridh a Eisíodh
14	60

Cásanna de réir Grúpa Míleata

Den 103 chás a bhí ar láimh le linn na bliana, leagtar amach sa tábla seo a leanas an líon cásanna a tháinig chun cinn i ngach Grúpa Míleata.

An 1ú Bhriogáid	An 2ú Briogáid	Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann	Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann	An tAerchór	An tSeirbhís Chabhlaigh	Iomlán
7	21	Ceann ar bith	9	14	9	60

Cineál na gCásanna

Is féidir cineál na gcásanna ar láimh ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann le linn na bliana 2017 a mhiondealú sna mórchatagóirí seo a leanas –

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith	Iomlán
17	22	8	6	7	60

Sonraí faoi na Cásanna de réir Grúpa

Leagtar amach sna táblaí agus sna cairteacha seo a leanas cineál na gcásanna a bhí ar láimh le linn na bliana 2017, agus iad miondealaithe de réir Grúpaí Míleata –

An 1ú Bhriogáid – (7)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
3	2	1	Ceann ar bith	41

An 2ú Briogáid – (21)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
4	7	4	3	3

Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann – (Ceann ar bith)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
Ceann ar bith	Ceann ar bith	Ceann ar bith	Ceann ar bith	Ceann ar bith

Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann – (9)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
Ceann ar bith	2	2	2	3

An tAerchór – (14)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
8	5	Ceann ar bith	1	Ceann ar bith

An tSeirbhís Chabhlaigh – (9)

Drochriarachán	Neamhroghnú le haghaidh Ardú Céime	Neamhroghnú le haghaidh Cúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhís Thar Lear nó Postú ar Leith
1	7	1	Ceann ar bith	Ceann ar bith

Gearáin a nDearna an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann Imscrúdú orthu agus ar Thug an tOmbudsman Tuairisc orthu sa Bhliain 2019

Sheas an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann leis an nGearán nó sheas an tOmbudsman leis go páirteach	Níor Sheas an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann leis an nGearán *
29	31

- * Áirítear leis an bhfigiúr sin gearáin a bhí lasmuigh de théarmaí tagartha an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann.
 ** Is é is gearáin ar seasadh go páirteach leo ann ná gearáin inarb amhlaidh nár sheas an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann go hiomlán le cás an ghearánaigh agus cásanna inarb amhlaidh nár seasadh leis an ngearán ach go ndearnadh moladh ina leith ar aon nós.

Moltaí a rinne an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann sa bhliain 2019

AN LÍON MOLTAÍ (de bhun alt 7(3) d’Acht 2004) i dTuarascálacha a cuireadh i gcrích sa bhliain 2019: 48
 #AN LÍON MOLTAÍ A RINNEADH SA BHLIAIN 2019 AGUS AR CHUIR AN tAIRE IN IÚL DON OMBUDSMAN D’ÓGLAIGH NA hÉIREANN GUR GLACADH LEO (go dtí an 31 Iúil 2020): 8
 #AN LÍON MOLTAÍ A RINNEADH SA BHLIAIN 2019 AGUS AR CHUIR AN tAIRE IN IÚL DON OMBUDSMAN D’ÓGLAIGH NA hÉIREANN GUR DIÚLTAÍODH DÓIBH (go dtí an 31 Iúil 2020): Ceann ar bith

- Fonótaí: * ní gá go ndéantar moltaí i ngach Tuarascáil ón Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann.
 * is féidir go ndéanfar níos mó ná moladh amháin i roinnt Tuarascálacha ón Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann.
 * is minic a bhíonn moill shuntasach ann, ar chúiseanna éagsúla, ar fhógra a bheith á thabhairt ag an Aire don Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann á rá gur glacadh le moladh nó gur diúltaíodh dó. Dá bhrí sin, ní bheidh an líon moltaí ó bhliain ar leith ar glacadh leo/ar diúltaíodh dóibh soiléir le feiceáil faoi dháta foilsithe na Tuarascála Bliantúla don bhliain sin ar leith.



“

Cuireadh 60 cás díobh sin i gcrích sa bhliain 2019. Bhí 14 chás fós faoi athbhreithniú an 31 Nollaig 2019 agus tugadh ar aghaidh iad lena mbreithniú sa bhliain 2020.

4 Achoimrí ar Chásanna

Sna hachóimrí seo a leanas ar chásanna, leagtar amach sonraí faoi roinnt de na cásanna a ndearna an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann imscrúdú orthu le linn na bliana 2019. Ar mhaithe le rúndacht a choimeád, tarraingítear siar ainm na ngearánach agus faisnéis eile a d'fhéadfaí a úsáid chun iad a aithint. I roinnt cásanna, agus ar an gcúis chéanna, athraíodh roinnt faisnéise fíorasáí.

ACHOIMRE AR CHÁS 1

Urscaoileadh neamhdheonach – Ciontú coiriúil – Measadh go raibh a iompar “Míshásúil” - bhí teip ann doiciméid AF667 a choinneáil – Dlínsé – Mír 58 de Rialachán A10 ó Óglaigh na hÉireann – Urscaoileadh dleathach as ciontú ag údarás sibhialta - Mír 38(e)(i) de Roinn II, Cuid III, a ghabhann le Treoir Riaracháin A8 ó Óglaigh na hÉireann - Seasadh go Páirteach leis an nGearán

Bhí an Gearánach ina Shaighdiúir Singil a raibh seirbhís rathúil 10 mbliana aige roimh a urscaoileadh neamhdheonach an 30 Lúnasa 2017 toisc gur chiontaigh an t-údarás sibhialta é. Luadh ina dhoiciméid AF97B agus LA89 gur measadh a iompar a bheith “Míshásúil”.

Luaigh sé sa ghearán uaidh:

- i) gur neamhdhleathach a bhí a urscaoileadh agus nach raibh an t-urscaoileadh ag cloí leis na forálacha reachtúla iomchuí agus na rialacháin reachtúla iomchuí; gur tugadh neamhaird go héagórach ar na hiarrataí roimhe uaidh ar urscaoileadh ‘deonach’ nó go raibh na hiarrataí sin ar iarraidh; agus nár tugadh an ceart dó chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an urscaoilte neamhdheonaigh bheartaithe sular tháinig sé in éifeacht;
- ii) nach raibh an focal “Míshásúil” sa taifead i leith an mheasúnaithe iompair air ina léiriú cruinn ar na measúnuithe roimhe air; agus,
- iii) go raibh teip ann doiciméid AF667 (taifid phearsanta bhliantúla) a ghiniúint nó a choinneáil dó idir na blianta 2014 agus 2017.

In aighneachtaí a rinne sé leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann, dheimhnigh sé gur tháinig sé ar an eolas an 27 Iúil 2017 go ‘n-urscaoilfí go héigeantach’ é. Tháinig sé ar an eolas gur measadh a iompar a bheith “Míshásúil” ar a ‘Dheimhniú Seirbhíse Urscaoilte’ a fháil thart ar dheireadh mhí Mheán Fómhair 2017. Tháinig sé ar an eolas an 26 Meitheamh 2018 faoin teip a bhí ar Óglaigh na hÉireann doiciméid AF667 a choinneáil dó

idir na blianta 2014 agus 2017. D'iarr an Gearánach ar an Ombudsman an 24 Meán Fómhair 2018 imscrúdú a dhéanamh ar nithe áirithe.

Faoi alt 6 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004, iarrtar ar Ghearánach gearán a dhéanamh leis an Ombudsman tráth nach déanaí ná 12 mhí (a) ó dháta an ghnímh lena mbaineann nó (b) ón dáta ar ar tháinig an gearánach ar an eolas faoin ngníomh, cibé acu is déanaí. Dá bhrí sin, mheas an tOmbudsman nach raibh dlínse aige féin maidir le gearán i), a bhí lasmuigh den tréimhse 12 mhí. Tugadh faoi deara nach bhforáiltear le halt 6(3)(a) agus (b) d'fhadú ama, fiú ar feadh tréimhse measartha gearr amhail an tréimhse sin a raibh an Gearánach ag déileáil léi. Mar sin féin, níor luaigh an tOmbudsman ach amháin mar thuairim go leagtar síos le forálacha mhír 58 de Rialachán A10 ó Óglaigh na hÉireann go bhféadfar comhalta d'Óglaigh na hÉireann a urscaoileadh go dleathach “mar thoradh ar chiontú ag Cumhacht Shibhialta”. Luaitear freisin i mír 58: “i gcás go ngabhfaidh pianbhreith ar fionraí leis an gciontú, déanfar an t-urscaoileadh, má ordaítear amhlaidh, a luaithe is féidir tar éis don Chumhacht Shibhialta déileáil leis an gcás”.

Maidir leis an ngearán nach raibh an focal “Míshásúil” sa mheasúnú iompair air ina léiriú cruinn ar a sheirbhís 10 mbliana, ba dheimhin leis an Ombudsman gur thit an ghné sin den ghearán uaidh pas beag laistigh den tréimhse 12 mhí dá bhforáiltear le halt 6(3)(b) d'Acht 2004 agus gur laistigh dá dhlínse a bhí a imscrúdú. Chinn an tOmbudsman gur cuí a mheas go raibh a iompar “Míshásúil” toisc go luaitear i mír 38(e)(i) de Roinn II,

Cuid III, a ghabhann le Treoir Riaracháin A8 ó Óglaigh na hÉireann gurb amhlaidh, i gcás go ngearrfaidh armchúirt nó Cúirt Shibhialta téarma príosúnachta ar oifigeach neamhchoimisiúnta nó ar shaighdiúir singil sa dá bhliain roimh an tuarascáil, go dtaifeadfar measúnú “Míshásúil”. Cé go raibh an phianbhreith ar fionraí, ní dhearna sé sin aon difear don stádas a bhí aici mar phianbhreith príosúnachta.

Maidir leis na doiciméid AF667 don Ghearánach idir na blianta 2014 agus 2017, bhí an chuma air nár cuireadh i gcrích iad riamh de bharr “deacrachtaí soláthair foirne”. Luaigh an tOmbudsman gur tuarascálacha bliantúla mionsonraithe do gach comhalta d’Óglaigh na hÉireann iad doiciméid AF667 agus go n-áirítear

leo measúnuithe ar fheidhmíocht agus ar iompar. Luaigh sé freisin gur doiciméid thábhachtacha iad, go háirithe d’iarchomhaltaí d’Óglaigh na hÉireann atá ag iarraidh fostaíocht shibhialtach. Ba é an cinneadh ón Ombudsman gur ábhar inní a bhí san fhíríc nár ullmhaíodh roinnt doiciméad AF667 don Ghearánach agus gur tugadh le fios dá bharr go ndearnadh éagóir air. Ba é an tuairim ón Ombudsman go bhféadfadh nach mbeifí in ann na doiciméid AF667 go léir a ullmhú anois de bharr an mhéid ama a d’imigh thart. Mhol sé, áfach, go n-ullmhófaí doiciméad AF667 dó i leith na bliana 2017, arbh í an bhliain iomlán deiridh a chaith sé in Óglaigh na hÉireann í, ar an mbonn gur dócha go mbeadh sé sin ar an taifead ba mhó suim d’fhostóir sibhialtach.



ACHOIMRE AR CHÁS 2

Oifigeach Líne – Thar Lear – An Cór Innealtóirí – Sinsearach – Oifigeach Teicniúil – Próiseas – Ceapachán Líne - Níor Seasadh leis an nGearán

Tá an Gearánach ina Chaptaen in Óglaigh na hÉireann agus ina chomhalta den Chór Innealtóirí ó mhí Eanáir 2012 amach. Roimh an dáta sin, bhí sé ina Oifigeach Líne sa Chór Coisithe. Chuir sé é féin ar aghaidh le haghaidh roghnú do sheirbhís thar lear sa bhliain 2013 ach níor roghnaíodh é. Baineann an gearán uaidh leis an bpróiseas roghnúcháin sa mhéid is gur cheart, de bharr na taithí a bhí aige, é a bheith roghnaithe in ionad na n-oifigeach sin a roghnaíodh (roghnaíodh triúr oifigeach le haghaidh an phoist/an ról a ndearna an Gearánach iarratas air). Tráth dhéanamh an ghearáin, ní dhearna sé seirbhís thar lear riamh ach bhí seirbhís naoi mbliana aige le hÓglaigh na hÉireann.

An 9 Lúnasa 2013, chuir sé Fógra Gearáin isteach de bhun alt 114 den Acht Cosanta 1954. Tarchuireadh an gearán chuig an Oifig seo an 24 Iúil 2014. D'iarr sé sásamh toisc nár roghnaíodh é chun ceann ar bith de na trí cheapachán a líonadh agus d'iarr sé soiléiriú ar na critéir roghnúcháin ar cloíodh leo agus na hiarrthóirí á roghnú. Mhaígh sé gur cheart é a bheith roghnaithe toisc go raibh sé níos sinsearaí ná na hoifigigh a roghnaíodh.

Ba é ról an Oifigigh Líne an ról ar mhaith leis an nGearánach go roghnófaí é dó. Ní raibh an Gearánach ina 'Oifigeach Líne' tráth a chuir sé é féin ar aghaidh le haghaidh an phoist ná tráth a chuir sé an gearán isteach. Bhí dóthain taithí agus cáilíochtaí aige chun ról an Oifigigh Líne a líonadh, toisc gur fhóin sé mar Oifigeach Líne ar feadh tréimhse go dtí dáta sa bhliain 2012, tráth a d'aistrigh sé chuig an gCór Innealtóirí. Measadh ón uair sin i leith go raibh sé ina Oifigeach 'Teicniúil' nó ina Oifigeach 'Seirbhíse Speisialta' in ionad é a bheith ina Oifigeach Líne.

Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid nach raibh aon fhasach ann inar roghnaíodh Oifigeach Teicniúil/Oifigeach Seirbhíse Speisialta sular roghnaíodh Oifigeach Líne deonach, beag beann ar shinsearach sa chéim (cosúil leis an staid ina raibh an Gearánach). Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach sa chás seo agus nár chuí a bhí an sásamh a iarradh. Luaigh an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata freisin gurbh é an gnáthchleachtas é tús áite a thabhairt d'Oifigigh Líne le haghaidh ceapacháin Oifigigh Líne

thar lear, in ionad Oifigeach Teicniúil/Oifigeach Seirbhíse Speisialta a cheapadh roimh Oifigeach Líne deonach (beag beann ar shinsearach sa chéim).

Rinne an Ceann Foirne an ní a athbhreithniú ansin.

Sa fhreagra uaidh ar na Tuarascálacha ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata agus ón nGinearálóifigeach i gCeannas, tharraing an Gearánach aird ar na saincheisteanna seo a leanas. (Is idir lúibíní atá na freagraí ón gCeann Foirne ar gach ceann díobh):-

1. An raibh an beartas DJ1 ag teacht le Treoir Riaracháin CS5? Agus, i gcásanna ina mbeidh siad ag teacht salach ar a chéile, cén ceann a mbeadh tosaíocht aige?

(Dheimhnigh an Ceann Foirne go raibh an beartas DJ1 ag teacht le Treoir Riaracháin CS5. Mar sin féin, léiríodh sa ghearán reatha go bhféadfadh míléiriú teacht chun cinn agus gur cheart an ní sin a athbhreithniú chun aon débhrí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a shoiléiriú.)

2. Gurb amhlaidh, maidir leis an bhforas le diúltú d'Oifigeach Teicniúil/d'Oifigeach Seirbhíse Speisialta a roghnú le haghaidh misean thar lear toisc gur gá go leor pearsana sa chatagóir a choinneáil sa bhaile, nár cheart é a bheith ina thoisic ábhartha a chuirtear san áireamh i gcás go molfaidh a Stiúrthóir Cóir aon Oifigeach den sórt sin le haghaidh seirbhís thar lear, faoi mar a tharla sa chás seo.

(Luaigh an Ceann Foirne go bhféadfadh go gcuirfí bac le hacmhainn oibriúcháin na n-aonad Cóir sa bhaile dá roghnófaí Oifigigh Theicniúla le haghaidh ceapacháin Oifigigh Líne).

3. Más rud é nár cuireadh sinsearach san áireamh i bpróiseas roghnúcháin, cé na tosca eile a cuireadh san áireamh?

(Thagair an Ceann Foirne arís don phointe go bhfuil sé le leas na heagraíochta folúntais d'Oifigigh Líne a líonadh le hOifigigh Líne atá cáilithe go cuí, nuair is féidir).

4. Tá na hOifigigh Innealtóireachta faoi bhuntáiste toisc go gcuirtear cosc orthu go bunúsach seirbhís thar lear a dhéanamh mar Leifteanaint.

(Leag an Ceann Foirne béim ar na buntáistí a ghabhann le seirbhís thar lear a dhéanamh agus ar fhorbairt an duine aonair agus luaigh sé go gcabhraíonn sé sin le hOifigigh a dhéanann amhlaidh céim níos airde a bhaint amach. Ba cheart poist a líonadh leis na hOifigigh chuí, áfach. Ciallaíonn sé sin freisin gur cheart folúntais d'Oifigigh Theicniúla a líonadh le hOifigigh Theicniúla.)

Bhreithnigh an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann Doiciméad Beartais na Rannóige um Bainistíocht Acmhainní Daonna agus Treoir Riaracháin C.S.5 (an tSraith Nua). Chinn sé gur forálacha comhionanna iad den chuid is mó, áit a luaitear sa dá cheann díobh gur cheart aird a thabhairt sa phróiseas roghnúcháin oifigeach ar shinsearachta sa chéim nó gur cheart sinsearachta a chur san áireamh. Chinn an tOmbudsman, áfach, nár thosca cinntitheacha iad ceachtar de na forálacha a luaitear thuas. Dá bhrí sin, ba cheart don phainéal roghnúcháin sinsearachta aon iarratasóra, amhail an Gearánach, a chur san áireamh agus leanúint leis an tsinsearachta sin a chur as an áireamh ar chúis mhaith ansin. Níor thoisic cinntitheach í sinsearachta.

Leag an tOmbudsman béim ar an bhfíric go raibh líon leordhóthanach oifigeach ann a chuir iad féin ar aghaidh le haghaidh phost an Oifigigh Líne agus a bhí ina Leifteanant-oifigigh Líne. Ní raibh an Gearánach ina 'Oifigeach Líne' ag an am lenar bhain (cé go raibh an taithe agus na cáilíochtaí a bhí ag teastáil aige). Dheimhnigh an tOmbudsman gur cloíodh leis an ngnáthchleachtas agus go bhfuiltear ag cloí leis ón uair sin amach maidir le gan Oifigeach nach raibh ina (h)Oifigeach Líne ag an am a bhreithniú lena roghnú. Ba é an cleachtas é ag an am sin agus ó shin i leith go mbeadh ionchas réasúnach ag Oifigigh Líne gurbh iad na hoifigigh a líonadh ceapacháin/poist den sórt sin iad.

Luaigh an tOmbudsman freisin gur bhain tábhacht leis an gcleachtas a bhí i bhfeidhm nach gcabhrófaí le hOifigigh Theicniúla seirbhís thar lear a dhéanamh dá mba rud é go bhféadfadh sé sin a fhágáil nach mbeadh go leor pearsana atá chomh cáilithe sin ann sna bunáiteanna baile. D'aontaigh an tOmbudsman leis an seasamh ón gCeann Foirne gur cheart Ceapacháin Oifigigh Líne a líonadh le hOifigigh Líne agus gur cheart Ceapacháin Oifigigh Theicniúla a líonadh le hOifigigh Theicniúla.

Tháinig an tOmbudsman ar an gconclúid nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach agus gurb iad na cleachtais ar cloíodh leo sa bhliain 2013 an dea-chleachtas ag an am sin agus ag an am seo.



ACHOIMRE AR CHÁS 3

Míchomhdaíodh nó scriosadh iarratais ar sheirbhís thar lear – Teastaíonn trí iarratas ar a laghad sna trí bliana roimhe chun a thaispeáint cé chomh comhsheasmhach is a bhíothas ag déanamh iarratas ar sheirbhís thar lear – Cé nach ndearna sé iarratas gach uair, chomhlíon an Gearánach an t-íoscheanglas – Cé acu a fágadh nó nár fágadh an Gearánach faoi mhíbhuntáiste mar thoradh ar mhíchomhdú nó scriosadh na n-iarratas – Seasadh leis an nGearán den Chuid is Mó

Bhain an gearán seo le ‘gníomh’ a tharla thar thréimhse cúig bliana idir an bhliain 2009 agus an bhliain 2014. Chuir an Gearánach in iúl gurbh amhlaidh le linn na thréimhse sin go raibh 34 iarratas ar sheirbhís thar lear ar iarraidh óna chomhad pearsanra faoi Rialachán A8 ó Óglaigh na hÉireann. Mhaígh an Gearánach go ndearnadh na hiarratais a bhí ar iarraidh a mhíchomhdú nó a scriosadh. Ba é an toradh a bhí ar an teip gach ceann de na hiarratais ón nGearánach ar sheirbhís thar lear a choinneáil ina chomhad ná go raibh taifead míchruinn ann ar cé chomh comhsheasmhach is a bhí sé ag déanamh iarratas ar sheirbhís thar lear, rud a rinne difear diúltach don dóchúlacht go gceapfaí an Gearánach le haghaidh seirbhís thar lear. Níor roghnaíodh an Gearánach le haghaidh seirbhís thar lear le linn na thréimhse agus, mar shásamh, d’iarr an Gearánach go roghnófaí é le haghaidh seirbhís thar lear.

Rinne Oifigeach i gCeannas an Ghearánaigh athbhreithniú ar an ngearán an 17 Meitheamh 2014. Fuarthas amach san athbhreithniú go ndearna an Gearánach 65 iarratas ar sheirbhís thar lear sa thréimhse ón mbliain 2009 go dtí an bhliain 2014. Fuair sé amach go raibh 13 iarratas ar sheirbhís thar lear ar iarraidh ó chomhad an ghearánaigh agus go raibh ceithre litir eile chuig an Stiúrthóir Innealtóireachta ar iarraidh freisin. (Luadh i meamram an 20 Meitheamh 2014 go ndearnadh 66 iarratas agus go raibh níos mó ná 33 iarratas ar iarraidh ón gcomhad). Fuarthas amach san athbhreithniú ar an gcomhad go raibh dúbláil ann sa chomhad sa mhéid is gur leis an aon mhisean amháin a bhain roinnt de na hiarratais ar sheirbhís thar lear.

Shonraigh Oifigeach i gCeannas an Ghearánaigh sleachta ábhartha ó Threoir Riaracháin C.S.5 mar a leanas:

- i. Iarscríbhinn D, mír 301 j & m:
 - “Cuirfear i gcomhad pearsanra an aonaid gach iarratas ar sheirbhís thar lear, bíodh siad molta nó neamh-mholta.”
 - “Féadfaidh pearsana liostáilte iad féin a chur ar aghaidh le haghaidh aon cheapachán laistigh de bhuíon thar lear ar ina leith a chomhlíonann siad na critéir ainmniúcháin a leagtar síos i mír 1...”

ii. Iarscríbhinn D, mír 303 d:

- (5)(d)ii – “Ní chomhairfear ach iarratas amháin ar gach imlonnú misin ar leith nó ar gach sealaíocht ar leith. Comhairfear iarratais mholta agus iarratais neamh-mholta.”
- (5)(d)iii – “Beag beann ar an líon iomlán misean a ndéanann duine aonair iarratas orthu, ní mheasfar go bhfuil comhsheasmhacht ó thaobh iarratas a dhéanamh ar sheirbhís thar lear de ach ag na pearsana sin a rinne iarratas ar thrí mhisean nó níos mó (i.e. imlonnuithe ar leith nó sealaíochtaí ar leith) sa thréimhse cúig bliana a bhfuiltear ag déanamh measúnú air, cé is moite de mhír (d)v. thíos.”
- (5)(d)iv – “Ní chomhairfear ach na hiarratais sin a chuirtear isteach le haghaidh ceapachán sa chéim shubstainteach agus a chomhlíonann na cáilíochtaí a theastaíonn le haghaidh an cheapacháin a bhfuiltear ag déanamh iarratas air.”

Rinne Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata imscrúdú inmheánach ó Óglaigh na hÉireann. Thuairiscigh an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata go raibh ‘roinnt iarratas ar iarraidh’. Ós rud é go raibh níos mó ná trí iarratas ar sheirbhís thar lear ann i gcomhad an Ghearánaigh, tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid gur chomhlíon an Gearánach na critéir le haghaidh comhsheasmhacht a bheith aige ó thaobh iarratas a dhéanamh ar sheirbhís thar lear de agus, dá bhrí sin, nár fágadh an Gearánach faoi mhíbhuntáiste d’ainneoin na hiarratais uaidh a bheith ar iarraidh.

Ag teacht sna sála ar agóid rathúil a rinne an Gearánach in aghaidh roghnú an Oifigigh Imscrúdaithe Mhíleata de bharr coinbhleacht leasa, ceapadh Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata difriúil ina áit. Fuair sé amach go raibh roinnt iarratas ar sheirbhís thar lear ar iarraidh ó chomhad pearsanra an Ghearánaigh toisc gur mhíchomhdaigh baill foirne de Ghnósheomra Sciathán Oibríochtaí Uimh. 4 iad. Fuair an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata amach gur chomhdaigh na baill foirne den Ghnósheomra na hiarratais ar bhealach a mheas siad a bheith ceart agus nach ndearnadh an míchomhdú d’aon ghnó. Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid nár



“

Fuair an Oifig seo 103 Fhógra Gearáin ó Óglaigh na hÉireann sa bhliain 2019. B'ionann é sin agus méadú 36% ar na 76 ghearán ar tugadh fógra don Oifig seo fúthu sa bhliain 2018.

fágadh an Gearánach faoi mhíbhuntáiste d'ainneoin na hiarratais ar sheirbhís thar lear a bheith ar iarraidh ó chomhad an Ghearánaigh. Bhí sé den tuairim sin toisc go raibh breis agus 30 iarratas ag an nGearánach fós nuair nach raibh ach trí cinn ag teastáil chun a thaispeáint cé chomh comhsheasmhach is a bhí sé ag déanamh iarratas ar sheirbhís thar lear. Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach agus dhiúltaigh sé don sásamh a iarradh.

Thug an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata faoi deara gur thug Oifigeach Ceannais an Ghearánaigh treoir do bhaill foirne an Ghnósheomra liosta de na hiarratais go léir a rinne an Gearánach ar sheirbhís thar lear a chur isteach i gcomhad an Ghearánaigh agus gur cuireadh in iúl dóibh gur cheart gach iarratas a dhéanfaí ina dhiaidh seo a riar de réir Threoir Riaracháin C.S.5.

Sa Tuarascáil uaidh an 17 Deireadh Fómhair 2014, d'aontaigh an Ginearóilfeach i gCeannas san Aerchór leis na cinntí agus na conclúidí ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata.

Sa bhreith uaidh an 23 Márta 2015, tháinig an Leas-Cheann Foirne ar na conclúidí seo a leanas:

- Bhí iarratais ar sheirbhís thar lear ar iarraidh ó chomhad pearsanta an Ghearánaigh. Ní dhearnadh an míchomhdú d'aon ghnó. Ina ionad sin, tharla sé toisc gur chreid baill foirne an Ghnósheomra nár cheart iarratais a mheas siad a bheith neamh-incháilithe a chur ar chomhaid. Thug an Leas-

Cheann Foirne faoi deara gur dhéileáil Oifigeach Ceannais an Ghearánaigh leis an ngné sin den ghearán ach treoir a thabhairt do bhaill foirne an Ghnósheomra.

- Thug an Leas-Cheann Foirne faoi deara gur mó an líon iarratas ar sheirbhís thar lear a taifeadh iarbhrí ar chomhad an Ghearánaigh don tréimhse ná an líon a bhí ag teastáil chun na critéir a chomhlíonadh maidir le comhsheasmhacht ó thaobh iarratas a dhéanamh ar sheirbhís thar lear de. Tháinig an Leas-Cheann Foirne ar an gconclúid nár fágadh an Gearánach faoi mhíbhuntáiste agus nach ndearnadh éagóir air.
- Thug an Leas-Cheann Foirne faoi deara gur cuireadh in iúl don Ghearánach go dtabharfaí deiseanna dó cúrsaí breise a chur i gcrích. Chinn an Leas-Cheann Foirne gur réiteach réasúnach é sin ar na hábhair imní a bhí ag an nGearánach maidir lena incháilitheacht le haghaidh cúrsaí sa todhchaí.

Scríobh an Gearánach chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann an 4 Aibreán 2016, agus gearán á dhéanamh aige nár roghnaíodh é le haghaidh seirbhís thar lear fós agus nach bhfuair sé deimhniú maidir le trí iarratas a rinneadh le déanaí. Faoi 9 Bealtaine 2016, b'ionann agus 77 gcinn an líon iarratas neamhrathúil a rinne an Gearánach ar sheirbhís thar lear (rinne an Gearánach ceithre iarratas eile sa bhliain 2017 agus roghnaíodh é le haghaidh seirbhís thar lear i Mailí sa bhliain 2018).

I litir eile a sheol sé chuig an Ombudsman an 17 Iúil 2016, cheistigh an Gearánach cén fáth nach rabhthas á roghnú le haghaidh seirbhís thar lear agus cén fáth a rabhthas ag caitheamh leis ar bhealach difriúil le Sáirsintí eile in Óglaigh na hÉireann, nach raibh aon deacracht acu a



bheith roghnaithe le haghaidh seirbhís thar lear, de réir cosúlachta. Thug an tOmbudsman faoi deara go raibh an teip leantach ar an nGearánach a bheith roghnaithe le haghaidh seirbhís thar lear ag déanamh difear diúltach don Ghearánach agus dá theaghlach.

Thug an tOmbudsman faoi deara gur aithin Óglaigh na hÉireann gur ar iarraidh a bhí roinnt de na hiarratais ón nGearánach ar sheirbhís thar lear agus/nó go ndearnadh iad a thaifeadadh nó a chomhdú go míchuí. Mheas an Gearánach gur fágadh faoi mhíbhuntáiste é de bharr na n-iarratas a bhí ar iarraidh agus gur chaill sé tuilleamh féideartha agus pointí le haghaidh ardú céime dá bharr.

Chreid sé nár cailleadh na comhaid ar iarraidh de thaisme agus go rabhthas “á íospairt...ar leibhéal an aonaid nó ar leibhéal níos airde”.

Bhreithnigh an tOmbudsman mír 2009, Roinn 2, Cuid 2 de Threoir Riaracháin C.S.5, rud lena bhforáiltear don phróiseas roghnúcháin le haghaidh seirbhís thar lear mar seo a leanas:

“Chun go mbeidh siad incháilithe lena n-ainmniú le haghaidh imlonnú thar lear...ní mór...do chomhaltáí liostáilte na critéir ainmniúcháin a leagtar síos i gCuid 1 d'Iarscríbhinn 'D' leis an Treoir seo a chomhlíonadh.”

Bhreithnigh an tOmbudsman forálacha mhír 303d(5)(d) ii-iv de Threoir Riaracháin C.S.5 dá dtagraítear thuas. Thug sé faoi deara gur áiríodh na nithe seo leis na cinntí ó Óglaigh na hÉireann:

- (i) Ní chomhairtear ach iarratas amháin in aghaidh an mhisin thar lear. Iarratais dhúbailte ar an aon mhisean amháin ba ea líon neamhshonraithe

iarratas ón nGearánach.

- (ii) D'ainneoin na hiarratais a bheith ar iarraidh, ní dhearnadh aon difear don mheasúnú ar cé chomh comhsheasmhach is a bhí an Gearánach ag déanamh iarratas ar sheirbhís thar lear toisc nach raibh ach trí iarratas sna cúig bliana roimhe ag teastáil chun an ceanglas a chomhlíonadh. Luaigh an tOmbudsman nár bhain le hábhar na hiarratais a bhí de bhreis ar an líon sin ná an fhíric go ndeachaigh iarratais ar iarraidh nó nár taifeadadh iad.
- (iii) B'amhlaidh gur tugadh, nó go dtabharfaí, neamhaird ar líon neamhshonraithe iarratas ón nGearánach toisc nach raibh sé cáilithe le haghaidh na bpost a ndearna sé iarratas orthu.

Chinn an tOmbudsman gur míthreorach atá léiriú Óglaigh na hÉireann ar mhír 303d(5)(d)iii de Threoir Riaracháin C.S.5 sa mhéid is gur cosúil go dtugtar le fios inti nach mbaineann le hábhar aon iarratais atá de bhreis ar thrí cinn. Chinn an tOmbudsman nach raibh an léiriú sin ag teacht go cruinn le mír 303d(5)(d)iii, rud lena bhforáiltear nach mór trí iarratas a bheith déanta sa tréimhse cúig bliana chun a dhéanamh amach cé chomh comhsheasmhach is a bhíothas ag déanamh iarratas ar sheirbhís thar lear. Chinn an tOmbudsman go bhféadfadh iarratais atá de bhreis ar thrí cinn a bheith ina dtoisc ábhartha in imthosca áirithe.

Thagair an tOmbudsman do “Roghnú Óglach – Seirbhís Thar Lear. Pearsanra Liostáilte”, atá le léamh i gcomhar leis an litir an 31 Iúil 2006 ón Maorghinearál Earley, Leas-Cheann Foirne, inar sonraíodh:

“In aon liosta sonracha ainmnithe ar a bhfuil measúnú á dhéanamh, agus tar éis na critéir thuasluaite go léir a



chur san áireamh, is amhlaidh, maidir leis na hoifigigh sin nach ndearna seirbhís thar lear fós, leo sin a bhfuil taifead comhsheasmhach acu iarratas a dhéanamh ar sheirbhís thar lear nó leo sin a bhfuil an tréimhse is faide caite acu ó sheirbhís thar lear, go mbreithneofar iad san ord sin lena roghnú.” [chuir an tOmbudsman an bhéim isteach].

Thug an tOmbudsman faoi deara nárbh ann d’fhianaise á léiriú gur fágadh an Gearánach faoi mhíbhuntáiste toisc go raibh roinnt de na hiarratais uaidh ar iarraidh nó nach rabhtas in ann iad a aisghabháil. Chinn an tOmbudsman, áfach, go raibh féidearthacht ann go bhfágadh na hiarratais ar iarraidh faoi mhíbhuntáiste é maidir lena roghnú le haghaidh seirbhís thar lear, agus lena roghnú le haghaidh ardú céime, b’fhéidir.

Chinn an tOmbudsman go raibh teidlíocht ag an nGearánach go gcoinneofaí ar a chomhad na hiarratais uaidh ar sheirbhís thar lear. Ní raibh aon teidlíocht ag aon duine, gan toiliú sainráite a fháil ón nGearánach, iarratais a scriosadh nó gan iad a chomhdú, fiú i gcásanna inar creideadh nach raibh na hiarratais ag teastáil nó go raibh siad lochtach nó i gcásanna inar creideadh nach bhfágfaí an Gearánach faoi aon mhíbhuntáiste de bharr na teipe na hiarratais a chomhdú.

Tháinig an tOmbudsman ar an gconclúid go ndearnadh éagóir ar an nGearánach toisc go ndearnadh roinnt iarratas ar sheirbhís thar lear a scriosadh nó a mhíchomhdú. Níor aimsigh sé go leor fianaise chun teacht ar an gconclúid go raibh sé sin ina chúis nó ina chúis pháirteach leis an gcinneadh gan an Gearánach a roghnú le haghaidh seirbhís thar lear. Thug an tOmbudsman faoi deara gur comhlíonadh an sásamh a iarradh toisc go ndearna an Gearánach seirbhís thar lear i Mailí sa bhliain 2018.

Mar bhuille scoir, chinn an tOmbudsman go ndearnadh éagóir ar an nGearánach de bharr neamhleordhóthanacht na mbeart a rinneadh chun míniú, eolas agus comhairle a thabhairt dó maidir leis na cúiseanna dóchúla nár roghnaíodh é arís is arís eile le haghaidh seirbhís thar lear.



ACHOIMRE AR CHÁS 4

Níor cheart plé íogair a bheith ar bun idir oifigeach fireannach agus fo-oifigeach bainneannach gan finné neamhspleách tríú páirtí a bheith i láthair – Seasamh le gnéithe den Chairt Dínite d’Óglaigh na hÉireann - Timpeallacht oibre atá “bagrach”, “imeaglaithe” nó “míchompordach” – Urscaoileadh ó Óglaigh na hÉireann mar thoradh ar tharchur chuig an mBord Liachta ar fhorais feidhmiúlachta - Cé acu ba go cothrom nó go neamhchothrom a ghníomhaigh an tOifigeach i gCeannas – Níor Seasadh leis an nGearán.

Rinne an Gearánach seirbhís mar Shaighdiúir Singil in Óglaigh na hÉireann ar feadh 17 mbliana sular urscaoileadh í an 20 Deireadh Fómhair 2015. Cé gur measadh a hiompar míleata a bheith “go maith”, urscaoileadh í toisc gur chinn an Bord Liachta í a bheith faoi bhun chaighdeáin liachta Óglaigh na hÉireann mar gheall ar ghortú. Rinne an Gearánach achomharc neamhrathúil in aghaidh a grádaithe liachta agus cuireadh a hurscaoileadh i bhfeidhm go cuí. Ar leithligh uaidh sin, cuireadh fógra gearáin chuig Óglaigh na hÉireann sa bhliain 2012, dhá bhliain sular urscaoileadh í, agus bhí roinnt gnéithe i gceist leis. Chuir an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata miontuarascáil le chéile inar seasadh le roinnt de na seacht ngearán a rinneadh. Níl sé soiléir cé acu a d’ullmhaigh nó nár ullmhaigh an Ginearálóifigeach i gCeannas agus an Ceann Foirne tuarascálacha ina dhiaidh sin. I mí Iúil 2014, tar éis a hurscaoilte ó Óglaigh na hÉireann, rinne an Gearánach aighneacht leis an Ombudsman maidir leis na gearáin éagsúla.

Bhain gearáin 1, 2 agus 3 leis an iarraidh ón nGearánach dul ar shosanna cothaithe cíche ar fhilleadh ar an obair di ó shaoire mháithreachais tar éis bhreith an chéad linbh léi. Ní raibh an cuntas ón nGearánach agus an cuntas óna hOifigeach i gCeannas ag teacht lena chéile ó thaobh na nithe a dúradh nó nach ndúradh de. Líomhnaíodh gur deonaíodh sosanna cothaithe cíche di ar an gcéad dul síos. Cealaíodh iad sin, áfach, tar éis di a rá lena hOifigeach i gCeannas go raibh sé torrach an dara huair. Líomhnaíodh gur thug an Gearánach nóta ó dhochtúir á rá nach bhféadfadh sí bainne a thál. Dá ainneoin sin, diúltaíodh do na sosanna cothaithe cíche. Líomhnaíodh gur mhaígh an tOifigeach i gCeannas go raibh na sosanna cothaithe cíche ag dul i bhfeidhm ar a cuid oibre. Shéan an tOifigeach i gCeannas go ndúirt sé é sin. Líomhnaíodh gur thug an tOifigeach i gCeannas cuireadh di bainne a thál i seomra comhad in aice leithreas fir agus a cuid bainne a stóráil i gcuiseoir comhchoiteann. Shéan an tOifigeach i gCeannas go ndearna sé amhlaidh, a dúirt gur thairg sé seomra a athchóiriú di agus teas, cuirtíní agus cuisneoir a shuiteáil ann. Líomhnaíodh gur luaigh a hOifigeach i gCeannas nach raibh sí san Iorua ná sa tSualainn, áit a raibh sosanna den sórt sin níos oiriúnaí. Shéan an tOifigeach i gCeannas go ndúirt sé é sin. Ní raibh an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata in ann fírinne

na cruinneas na líomhaintí ón nGearánach a dhéanamh amach. Dá ainneoin sin, ós rud é go raibh na focail chomh sonrach sin agus nach raibh sé le leas an Ghearánaigh líomhaintí bréagacha a dhéanamh in aghaidh a hOifigigh i gCeannas, chinn an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann gur dhóichí go ndúradh na focail sin leis an nGearánach. Cinneadh gur shárú é sin ar mhír 417(n) de Threoir Riaracháin A11, rud lena gceadaítear sosanna cothaithe cíche do mhná gan pá ná liúntais a chailleadh go dtí go bhfuil an leanbh dhá bhliain d’aois. Chinn an tOmbudsman gurb amhlaidh, seachas in imthosca atá eisceachtúil nó dosheachanta, nár cheart plé ar ábhar atá chomh híogair le cothú cíche a bheith ar bun idir oifigeach fírinneach agus fo-oifigeach bainneannach gan finné neamhspleách tríú páirtí a bheith i láthair. Chinn sé freisin gur léir go raibh sé de chumas ag an Oifigeach i gCeannas a eagrú go bhfreastalódh finné neamhspleách ar na cruinnithe a cuireadh ar siúl leis an nGearánach. Cé gur chinn an tOmbudsman nach raibh an tOifigeach i gCeannas ar an eolas go raibh a dhiúltú do shosanna cothaithe cíche a cheadú ag teacht salach ar mhír 417(n), níor chuí a bhí a fhocail agus a dhearcadh ginearálta leis an nGearánach i leith ábhar an chothaithe cíche agus leas an linbh agus nach raibh siad cuidiúil le seasamh le “ceart gach duine aonair chun dínite ina dtimpeallacht oibre” mar a fhorordaítear sa ‘Chairt Dínite d’Óglaigh na hÉireann’. De bharr nár seasadh leis an ngearán agus gur tharla na teagmhais tamall ó shin, níor mhol an tOmbudsman go scríobhfadh an tOifigeach i gCeannas litir leithscéil leis an nGearánach.

Bhain gearáin 4, 5 agus 6 leis na himthosca inar mhaígh an Gearánach gur bogadh í go héagórach óna ceapachán in aonad amháin chuig ceapachán in aonad eile go dtí mí Eanáir 2012. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata gur luaigh an Gearánach gur déileáladh leis an ngearán agus nach raibh sí ag iarraidh é a shaothrú tuilleadh. Dá bhrí sin, measadh an gearán a bheith réitithe. Sna himthosca sin, mheas an tOmbudsman nach raibh sé riachtanach aon chinneadh a dhéanamh ar na gearáin sin.

Bhain gearán 7 le focail a d’úsáid an Gearánach i ndáil lena cuid oibre in aonad amháin agus lena caidreamh lena comhghleacaithe oibre san aonad sin i mí na Samhna 2011. Dúirt a hOifigeach i gCeannas gur chuir



an Gearánach in iúl gur mheas sí an timpeallacht oibre a bheith “bagrach” nó “imeaglaithe”, cé gur áitigh an Gearánach gur úsáid sí an focal “míchompordach”. Ar an drochuair, b’amhlaidh an athuair nach raibh aon fhinnéithe neamhspleácha ann a d’fhéadfadh a dheimhniú cé na focail nó na téarmaí a d’úsáid an Gearánach lena hOifigeach i gCeannas. Beag beann ar na focail a úsáideadh, chinn an tOmbudsman go raibh siad cosúil le chéile den chuid is mó i gcomhthéacs an ghearáin a rinne an Gearánach lena hOifigeach i gCeannas faoin timpeallacht a d’eispéirigh sí san áit oibre. Thug an tOmbudsman faoi deara gurb amhlaidh, toisc nach raibh comhaontú ann faoi na focail a úsáideadh, gur mholadh réasúnach ciallmhar é an moladh ón Oifigeach i gCeannas go scríobhfadh an Gearánach litir lena cur ar a comhad pearsanta, á rá nár mheas sí go raibh a comhghleacaithe oibre agus an timpeallacht oibre ina n-ábhar “imeaglaithe/bagartha”. Thug sé faoi deara freisin gur dhiúltaigh an Gearánach don mholadh sin toisc go raibh sé neamh-leordhóthanach.

Ba é an moladh ón Ombudsman i dtaca leis na gearáin a rinneadh sna blianta 2011 agus 2012 ná go gcuirfí in iúl do na hoifigigh shinsearach in Óglaigh na hÉireann gur dea-chleachtas é a chinntiú, a mhéid atá sé indéanta agus praiticiúil déanamh amhlaidh, go mbeidh finné neamhspleách amháin nó níos mó i láthair in imthosca ina meastar go bhfuil sé riachtanach nó cuí plé a dhéanamh ar ábhair íogaire (amhail saincheistanna a bhaineann le hinscne) idir pearsana, go háirithe i gcás gur fo-oifigeach de chuid an oifigigh eile atá i nduine amháin díobh.

Ba tar éis urscaoileadh an Ghearánaigh ó Óglaigh na hÉireann a rinneadh an aighneacht i mí Iúil 2014, rud a rinneadh go díreach leis an Ombudsman. Cé go ndearnadh tagairt san aighneacht do na gearáin a rinneadh sna blianta 2011 agus 2012 (mar a phléitear thuas), díríodh san aighneacht ar Oifigeach i gCeannas difriúil a thug faoin ról sin sa ráithe dheiridh den bhliain 2012. Cé gur dhifriúil lena chéile a bhí cineál na ngearán, tharla siad i gcomhthéacs comhchoiteann a bhain le breith bheirt leanaí an Ghearánaigh sna blianta 2010 agus 2012, lena saoire mháithreachais ghaolmhar agus le gortú tromchúiseach a d’fhulaing sí de bharr titime i mí na Nollag 2012, rud ar dá bharr a fágadh neamhfheidhmiúil de réir liachta í, a íosghrádaíodh a grádaithe liachta i mí Aibreáin 2014 agus, sa deireadh, a urscaoileadh ó Óglaigh na hÉireann í i mí an Mheithimh 2014.

Líomhnaíodh san aighneacht ón nGearánach gur chuir a hOifigeach i gCeannas ina leith gur ‘phleanáil’ sí an obráid ghlúine a ndeachaigh sí fúithi le déanaí chun go ‘dtarlódh sí i gcomhthráth’ lena ‘filleadh ar an obair’; go raibh sé ‘milleánach, mífhoighneach agus fiorthútach’ agus feargach léi in amanna; agus go ndúirt sé ‘nithe míchuí díspeagúla’ léi ag cruinniú i mí Aibreáin 2014. Cé go ndearnadh na gearáin sin tráth a bhí sí fós in Óglaigh na hÉireann, is cosúil nár shaothraigh an Gearánach aon ghearán sular urscaoileadh í ó Óglaigh na hÉireann. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon imscrúdú inmheánach laistigh d’Óglaigh na hÉireann ar na gearáin ar leith sin agus, dá bharr sin, níorbh ann d’aon tuarascáil ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata. Mar thoradh air sin, níor tháinig

an tOifigeach i gCeannas a bhí i gceist ar an eolas faoi na líomhaintí sin go dtí gur thug an tOmbudsman fógra dó i mí Aibreáin 2019. Thug sé freagra i mí an Mheithimh 2019, rud inar dhiúltaigh sé do na líomhaintí, á áitiú go raibh iontas air faoi na líomhaintí toisc gur mheas sé go sé ‘cairdiúil agus gairmiúil i gcónaí’ le linn a theagmhála leis an nGearánach. D’admhaigh an tOifigeach i gCeannas gur tháinig roinnt fadhbanna chun cinn idir é agus an Gearánach ag an am a bhí i gceist agus go raibh sé ar an eolas faoina gortú glúine agus faoin éifeacht a bhí aige sin ar a caighdeán liachta agus ar chaighdeán seirbhíse eile. Luaigh sé gur tharchuir sé chuig an mBord Liachta í de bharr a drochthaidfid freastail agus toisc gur ‘theip uirthi na híoschaighdeáin inghlactha a chomhlíonadh le haghaidh seirbhíse leantach’ in Óglaigh na hÉireann.

Maidir leis na gearáin dheireanacha sin in aghaidh an dara hOifigeach i gCeannas, chinn an tOmbudsman gur ghníomhaigh an tOifigeach i gCeannas a bhí i gceist de réir na rialachán agus an ghnáthnós imeachta le linn dó an Gearánach a tharchur chuig Bord Liachta chun a fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil sí feidhmiúil ó thaobh liachta de le haghaidh seirbhíse leantach in Óglaigh na hÉireann, agus aird á tabhairt ar a taifead freastail ar an obair. Chinn an tOmbudsman nach raibh aon fhianaise ann á léiriú gur ghníomhaigh sé go neamhchothrom le linn dó déanamh amhlaidh. Ní raibh aon bhaint ina dhiaidh sin ag an Oifigeach i gCeannas

leis an mbreith an gearánach a urscaoileadh ó Óglaigh na hÉireann ar chúiseanna grádaithe liachta. Bhí an cuntas ón nGearánach ar a caidreamh leis an Oifigeach i gCeannas agus an cuntas ón Oifigeach i gCeannas ag teacht salach ar a chéile go hiomlán. Chomh maith leis sin, ní raibh aon fhianaise neamhspleách ann a thacaíonn le ceachtar cuntas, go háirithe toisc nach ndearnadh aon ghearán ag an am agus nach ndearnadh aon imscrúdú inmheánach laistigh d’Óglaigh na hÉireann. Tharla tuilleadh moilleanna in Oifig an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann de bharr riaráiste cásanna.

Chinn an tOmbudsman go bhféadfadh an mhoill ar dheis a thabhairt don duine ‘cúisithe’ a chuntas ar theagmhais a thabhairt an bonn a bhaint de cheart an duine sin é féin a chosaint, rud a d’fhéadfadh toradh éagórach a chruthú. Dá bhrí sin, chinn an tOmbudsman nach mbeadh sé cuí sa chás cinneadh a dhéanamh agus measadh na líomhaintí a bheith neamhchruthaithe. Ar leithligh uaidh sin, níor shainaithin an tOmbudsman aon locht ar an bpróiseas ar dá bharr a urscaoileadh an Gearánach ó Óglaigh na hÉireann. D’fhulaing an Gearánach fíorghortú coise/glúine gar don uair a bhí sé beartaithe aici filleadh ar a gnáthdhualgais tar éis a saoire máithreachais agus ba é an toradh a bhí ar an ngortú sin gur tugadh grád liachta ró-íseal di agus, ar an drochuair, gur urscaoileadh í ó Óglaigh na hÉireann.



ACHOIMRE AR CHÁS 5

Iarratas ar dhul isteach i gCúrsa Mhodúl I i gCuntasaíocht Lóistíochta – Ní raibh na critéir riachtanacha bhreise leagtha amach sna critéir cháilitheacha – Moill ar fhógra a thabhairt faoin iarratas neamhrathúil – Fuarthas amach san imscrúdú inmheánach ó Óglaigh na hÉireann go raibh údar ann le critéir bhreise ar an mbonn gur faoi Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann atá sé a chinntiú gur féidir tacú leis an Airmheán Traenála ó thaobh lóistíochta de – Seasadh go Páirteach leis an nGearán

Bhain an gearán seo le neamhroghnú an Ghearánaigh le haghaidh áit ar chúrsa oiliúna - Cúrsa Mhodúl I i gCuntasaíocht Lóistíochta - a bhí le réachtáil ón 11 go dtí an 22 Meitheamh 2018. Dúirt an Gearánach gurbh é an toradh a bhí ar an neamhroghnú sin ná *“gur séanadh an ceart chun próiseas roghnúcháin cóir a fháil agus an ceart chun achomharc a dhéanamh”*.

Bhí an t-iarratas ón nGearánach ar an gCúrsa bunaithe ar an bhFógra faoin gCúrsa agus ar na Treoracha Dul Isteach a eisíodh an 18 Aibreán 2018. Bhí seacht ‘gCritéar Cháilitheacha Réamhchúrsa’ ann agus shásaigh an Gearánach gach ceann díobh. Cheadaigh Scoil Lónadóireachta Óglaigh na hÉireann an t-iarratas ón nGearánach agus chuir sí an t-iarratas ar aghaidh chuig Brainse Lóistíochta EO J4 ansin.

Níor áiríodh an Gearánach sa liosta rannpháirtithe ainmnithe don Chúrsa, rud a d’eisigh Brainse Lóistíochta EO J4 an 22 Bealtaine 2018. Ba ar an 30 Bealtaine 2018, dáta an Mheasúnaithe Cúrsa Tosaigh, a tugadh fógra don Ghearánach den chéad uair gur diúltaíodh don iarratas uaidh. Ní bhfuair sé an fógra sin ach amháin tar éis fiosrú a dhéanamh thar a cheann. Bá é an chúis a tugadh leis an mbreith ná nach raibh ceapachán lóistíochta ina sheilbh aige roimhe sin. Fuair an Gearánach fógra ríomhphoist inar liostaíodh na hiarrthóirí rathúla an 8 Meitheamh 2018, lá oibre amháin roimh thús an Chúrsa.

D’iarr an Gearánach na nithe seo a leanas mar shásamh:

- É a roghnú láithreach don Chúrsa reatha, nó
- Cúrsa breise Mhodúl I a réachtáil roimh Chúrsa Mhodúl II a bhí le réachtáil i mí Mheán Fómhair 2018 chun deis a thabhairt don Ghearánach iarratas a dhéanamh ar an gCúrsa breise ionas go bhféadfadh sé iarratas a dhéanamh ar Chúrsa Mhodúl II agus an Cúrsa sin a chríochnú roimh an gcéad éisteacht eile de chuid an bhoird ardaithe céime.

Thug an Gearánach tuilleadh mionsonraí faoin ngearán uaidh in aighneachtaí i scríbhinn, inar luadh na nithe seo a leanas:-

- Rinne Scoil Lónadóireachta Óglaigh na hÉireann an t-iarratas uaidh ar an gCúrsa a cheadú agus a chur ar aghaidh. D’éirigh leis an nGearánach i ngach ceann de na réimsí a bhí leagtha amach sa litir riachtanas.
- Tugadh fógra don Ghearánach ar an lá a sheol an Coláiste Míleata an tástáil scagtha tosaigh nár éirigh leis toisc nach raibh ceapachán lóistíochta ina sheilbh aige roimhe sin. Ní raibh an riachtanas sin tugtha le fios sna seacht gcritéar cháilitheacha réamhchúrsa.
- Ba é an toradh a bhí ar an mbreith diúltú don iarratas ón nGearánach ná gur cuireadh cosc air iarratas a dhéanamh ar Chúrsa Mhodúl II a bhí le teacht i mí Mheán Fómhair 2018 agus gur séanadh deis air teacht os comhair an chéad bhoird agallaimh eile.
- Bheadh an Gearánach i measc na beirte iarratasóirí is sinsearaí.
- Ní bhfuair an Gearánach an liosta iarratasóirí rathúla ach amháin tar éis na tástála scagtha tosaigh, lá amháin roimh thús an Chúrsa. Ós rud é nár tugadh fógra don Ghearánach roimh ré nár éirigh leis an iarratas uaidh, séanadh deis air achomharc a dhéanamh. Sháraigh sé sin nósanna imeachta cothroma agus trédhearcacht.

Rinne Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata imscrúdú inmheánach ó Óglaigh na hÉireann ar an ngearán. Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid nach ndearnadh éagóir i bprionsabal ar an nGearánach ar an mbonn seo a leanas:

- Cé gur chomhlíon an Gearánach na critéir riachtanacha, mar a bhí san fhógra faoin gcúrsa agus sna treoracha dul isteach, níor roghnaíodh é don chúrsa mar thoradh ar mheascán de chritéir riachtanacha agus de chritéir bhreise a chuir Airmheán Traenála G4 i bhfeidhm.
- Ós rud é nach raibh an cúrsa ina chúrsa dul chun cinn gairme de réir Threoir Riaracháin A, Cuid 10, Caibidil 5, níor ceanglaíodh ar Airmheán Traenála G4 ceanglais na Caibidle sin a chur i bhfeidhm.



Maidir leis na cásanna go léir eile, mar atá na cásanna sin a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2018 agus na cásanna nua a tosaíodh sa bhliain 2019, rinneadh an sprioc go ndéanfaí “na cásanna go léir a chur i gcrích agus tuairisc a thabhairt orthu idir 6 seachtaine agus 8 seachtaine óna dtarchur le haghaidh imscrúdú iomlán” a bhaint amach faoin ráithe dheiridh den bhliain 2019

- Bhí údar ann leis na critéir bhreise a chuir Airmheán Traenála G4 i bhfeidhm toisc gur faoi Airmheán Traenála G4 atá sé a chinntiú gur féidir tacú le hAirmheán Traenála Óglaigh na hÉireann ó thaobh na lóistíochta de. Cuireadh na critéir bhreise chéanna i bhfeidhm i leith na n-iarratasóirí uile.

Chinn an Ginearáloifigeach i gCeannas agus an Cenn Foirne, sna Rialuithe Breithnithe uathu faoi seach, nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach.

Tháinig an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann ar an gconclúid gur leagadh na critéir cháilitheacha don Chúrsa amach go soiléir agus go cinnte san Fhógra faoin gCúrsa agus sna Treoracha Dul Isteach a eisíodh an 18 Aibreán 2018. Chinn an tOmbudsman go raibh ionchas dlisteanach ag an nGearánach go mbeadh siad sin ar na haon chritéir amháin a bheadh le comhlíonadh. Chuir Airmheán Traenála G4 critéir bhreise – lenar áiríodh taithí lóistíochta roimhe sin – i bhfeidhm, áfach, gan aon fhógra a thabhairt don Ghearánach ná do na hiarratasóirí eile.

Ní raibh aon fhadhb ag an Ombudsman leis an údar a tugadh leis an riachtanas le taithí lóistíochta roimhe sin is leor chun “cumas oibriúcháin a chothabháil ag leibhéal Aonaid/Grúpa”. Chinn sé, áfach, go raibh teip ann a chinntiú go raibh na critéir riachtanacha uile sainaitheanta go dóthanach san Fhógra faoin gCúrsa

agus sna Treoracha Dul Isteach. Maidir leis na critéir a bhí leagtha amach san Fhógra faoin gCúrsa agus sna Treoracha Dul Isteach, chinn an tOmbudsman nach raibh siad sách trédhearcach chun a thabhairt le fios don Ghearánach go raibh seirbhís i gceapachán lóistíochta ar cheann de na riachtanais.

Chinn sé freisin go raibh moill neamhriachtanach ann ar fhógra a thabhairt don Ghearánach gur diúltaíodh don iarratas uaidh, go háirithe in imthosca inar cuireadh critéir cháilitheacha bhreise i bhfeidhm. Ní raibh aon údar ann leis an moill agus ba é an toradh praiticiúil a bhí uirthi ná gur séanadh deis ar an nGearánach achomharc a dhéanamh.

Chinn an tOmbudsman gurbh é an éagóir a rinneadh ar an nGearánach ná an fógra neamhimleor neamhdhóthanach a fuair sé faoi na critéir cháilitheacha do Chúrsa Mhodúl I agus an mhoill ar fhógra a thabhairt dó faoin toradh ar an iarratas uaidh.

Mhol an tOmbudsman go ndéanfaí cinnte de go dtugtar fógra cruinn cuimsitheach faoi na critéir cháilitheacha do chúrsaí (cúrsaí gairme agus cúrsaí eile). Ar deireadh, mhol an tOmbudsman gur cheart an oiread cúnamh, treorach agus cabhrach agus is féidir a thabhairt don Ghearánach ionas go bhféadfadh sé páirt a ghlacadh i gCúrsaí Mhodúl I agus II i gCuntasaíocht Lóistíochta, nó a gcoibhéis, laistigh de thréimhse ama réasúnach.



ACHOIMRE AR CHÁS 6

Cúrsa Teicneora Liachta Comhraic – Teicneoir Liachta – Stiúrthóir an Bhrainse Liachta – Cúrsa 3* d'Oibrithe Liachta – Cáilíochtaí Riachtanacha – Stiúrthóir an Bhrainse Liachta – Bunchúrsa Liachta – Ardú Céime – Iarscríbhinn XYZ de Threoir Riaracháin A, Cuid 10 – Seasadh go Páirteach leis an nGearán

Liostáil an Gearánach in Óglaigh na hÉireann sa bhliain 2000 agus bhí sé ina Cheannaire agus ina pharaimhíochaineoir cáilithe a bhí tar éis filleadh ó dhualgas thar lear. Bhain an Fógra Gearáin dar dáta an 14 Feabhra 2019 leis an mian a bhí aige go dtabharfaí ardú céime dó chuig céim an tSáirsint laistigh den Chór Liachta ar an mbonn gurbh airde an cháilíocht a bhí aige mar pharaimhíochaineoir ná leibhéal cliniciúil an Teicneora Liachta Comhraic agus ar an mbonn nach raibh an cúrsa a bhí riachtanach chun na critéir a shásamh ar fáil a thuilleadh. Rinne Óglaigh na hÉireann imscrúdú inmheánach cuimsitheach suas go leibhéal an Chinn Foirne ar an ní agus tháinig an eagraíocht ar an gconclúid nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach. Tarchuireadh an ní chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann an 13 Lúnasa 2019.

Mar fhaisnéis chúlra, chuir an Gearánach cúrsa Teicneora Liachta Éigeandála i gcrích sa bhliain 2014 agus ghnóthaigh sé cáilíocht paraimhíochaineora sa bhliain 2018. Bhí sé cáilithe sa Chéad Fhreagairt Mhíleata (Leibhéal Teagascóra) agus in Athbheochan Chardascamhógach. Rinne sé iarratas ar an gcúrsa Teicneora Liachta Comhraic sa bhliain 2014 ach níor éirigh leis. Fuair sé post sa chúrsa ina dhiaidh sin sa bhliain 2015. Ar an drochuair, ba ghá dó an cúrsa a fhágáil ar chúiseanna teaghlaigh. Ní raibh sé in ann iarratas a dhéanamh ar an gcúrsa sna blianta 2016/17 agus 2017/18 mar go raibh sé rollaithe i gCúrsa Paraimhíochaineora eile ag an am. Ní raibh sé in ann iarratas a dhéanamh sa bhliain 2018/19 ach oiread mar go raibh sé ag déanamh seirbhíse thar lear ag an am. Ní raibh aon chúrsaí eile Teicneora Liachta Comhraic ar fáil tar éis na gcúrsaí sin agus ní rabhtas ag súil leis go n-eagrófaí aon chinn eile go ceann i bhfad.

Bhí an Gearánach ar lorg ardú céime chuig céim an tSáirsint sa Chór Liachta, ach measadh é a bheith neamh-incháilithe de bharr cáilíocht Teicneora Liachta Comhraic a bheith in easnamh air. Cé gur ghlac sé leis nach raibh an cháilíocht ina sheilbh aige, d'áitigh sé gur cheart a incháilitheacht d'ardú céime a dheimhniú faoi Iarscríbhinn XYZ a ghabhann le Treoir Riaracháin, Cuid 10 – 'Cáilíochtaí Riachtanacha' faoin gceannnteideal:

“Cúrsa Teicneora Liachta Comhraic nó Cúrsa 3* d'Oibrithe Liachta agus Cúrsa Scileanna Otharchairr nó

bunchúrsa liachta arna cheadú ag Stiúrthóir an Bhrainse Liachta”.

Sa litir uaidh an 11 Feabhra 2019, d'iarr sé faisnéis maidir le sceidealadh Cúrsaí Teicneora Liachta Comhraic nó maidir le critéir mhalartacha arna gceadú ag Stiúrthóir an Bhrainse Liachta. Dar leis an bhfreagra a fuair sé:

...San am i láthair, is é an Cúrsa Teicneora Liachta Comhraic/an Diplóma i gCúrsa Cúraim Liachta Mhíleata an t-aon bhunchúrsa liachta amháin atá ceadaithe ag Stiúrthóir an Bhrainse Liachta... Chuir an Stiúrthóir an méid sin in iúl do Cheanncheathrú an Láraonaid Liachta agus mhol sé go dtabharfaí áit ar bhunchúrsa den sórt sin duit a luaite is féidir... Luadh sa fhreagra freisin gur aithníodh gurbh airde na Cáilíochtaí Paraimhíochaineora a bhí aige ná an chomhpháirt Teicneora Liachta Éigeandála den Chúrsa Teicneora Liachta Comhraic. Aithníodh freisin, áfach, nach raibh modúil eile den Chúrsa Teicneora Liachta Comhraic curtha i gcrích ag an nGearánach.

San athbhreithniú inmheánach a rinne Óglaigh na hÉireann ar an iarratas ón nGearánach ar Shásamh in Éagóracha, fuarthas amach nach raibh aon chúrsaí 3* á seoladh ag Óglaigh na hÉireann d'oibrithe liachta ag an am agus nach raibh aon chúrsaí le seoladh sa toadhcháil. Ina theannta sin, níorbh ann d'aon chonradh lena gcumasófaí do dhuine cáilíocht Teicneora Liachta Comhraic a ghnóthú ó ghníomhaireacht sheachtrach agus ní raibh aon soiléire ann maidir leis na modúil eile ba ghá don Ghearánach a chur i gcrích ar mhaithe leis an gceanglas 'bunchúrsa liachta' arna cheadú ag Stiúrthóir an Bhrainse Liachta a chomhlíonadh. Mar sin, bhí an Gearánach “neamhábalta a ghairm a chomhlíonadh GAN aon locht a bheith air féin”. Moladh go bhfaigheadh sé an oiliúint a bhí riachtanach chun an t-easnamh sin a sháru agus go gcuirfeadh sé an oiliúint sin i gcrích roimh dheireadh an chomórtais lena mbaineann.

Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid seo a leanas:

- Bhí an Cúrsa Teicneora Liachta Comhraic ar an aon chritéir cáilitheach gníomhach amháin le haghaidh ardú céime a fháil chuig céim an tSáirsint sa Chór Liachta;
- Cé gur shealbhaigh an Gearánach roinnt cáilíochtaí,



níor chomhlíon sé na riachtanais i réimsí an chúraim, an fhaireachais, na tacaíochta agus an riaracháin neamhéigeandála, ar nithe iad a cheanglaíonn Stiúrthóir an Bhrainse Liachta agus atá i gceist leis an gCúrsa Teicneora Liachta Comhraic. Níor chomhlíon sé na riachtanais atá leagtha amach in Iarscríbhinn XYZ ach oiread agus, dá bhrí sin, ní raibh sé incháilithe d'ardú céime a fháil chuig céim an tSáirsint sa Chór Liachta; agus

- Chuaigh an conradh do Chúrsaí Teicneora Liachta Comhraic in éag tar éis dheireadh an Chúrsa Teicneora Liachta Comhraic sa bhliain 2018/2019. Thug an Láraonad Liachta le fios nach raibh sé beartaithe ag Óglaigh na hÉireann ag an am aon Chúrsaí eile Teicneora Liachta Comhraic a reáchtáil sa ghearrthearma.

Cé gur tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach, mhol sé go ndéanfaí athbhreithniú ar na critéir cháilitheacha, ag féachaint don fhíric nach raibh aon Chúrsaí Teicneora Liachta Comhraic le reáchtáil sa ghearrthearma. Tarchuireadh an ní chuig an nGinearálóifigeach i gCeannas agus ansin chuig an gCeann Foirne. Sheas siad araon leis an gconclúid ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata. Luaigh an Ceann Foirne: *Creidim gur gá próiseas a bheith i bhfeidhm le baghaidh deis a thabhairt {don Ghearánach} (agus do dhaoine eile atá in imthosca den chineál céanna) cáiliú d'ardú céime laistigh den Láraonad Liachta as seo amach.*

Ba dheimhin leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann nach raibh an Gearánach incháilithe d'ardú céime a fháil toisc nach raibh Cúrsa Teicneora Liachta Comhraic curtha i gcrích aige agus nach raibh a cháilíochtaí ag teacht leo sin a bhí i gceist leis an gCúrsa Teicneora Liachta Comhraic. Bhí sé *'idir dhá cheann na meá'* toisc nach raibh aon Chúrsa Teicneora Liachta Comhraic ar na bacáin agus nach raibh aon chúrsa den chineál céanna ceadaithe ag Stiúrthóir an Bhrainse Liachta. Luaigh an tOmbudsman go raibh dualgas ar Stiúrthóir an Bhrainse Liachta 'bunchúrsa liachta' a cheadú i gcás nach raibh sé ar intinn aige Cúrsa eile Teicneora Liachta Comhraic a sceidealadh laistigh de thréimhse ama réasúnach ar mhaithe le freastal ar na hionchais réasúnacha atá ag an nGearánach (agus ag daoine eile) ardú céime a fháil laistigh den Aonad Liachta.

Thug an tOmbudsman faoi deara, áfach, nach raibh sé cinnte in aon imthosca go reáchtálfaí Cúrsa Teicneora Liachta Comhraic agus, dá mba rud é gur cuireadh an chéad chúrsa eile siar go dtí an bhliain 2020, nach mbeadh aon bhunús ann leis an ngearán.

Mhol an tOmbudsman go n-iarrfaí ar Stiúrthóir an Bhrainse Liachta 'bunchúrsa liachta' malartach a cheadú agus a shainaithint i gcomhthéacs Iarscríbhinn XYZ a ghabhann le Treoir Riaracháin A, Cuid 10, agus an méid sin a dhéanamh gan mhoill (i gcás gurbh amhlaidh gur tréigeadh an cúrsa Teicneora Liachta Comhraic agus nach sceidealfaí cúrsa den sórt sin go luath amach anseo) agus go dtabharfaí fógra do pháirtithe leasmhara, an Gearánach ina measc, faoin gcúrsa sin.

ACHOIMRE AR CHÁS 7

Agallamh le haghaidh ardú céime a fháil chuig céim an tSáirsint Eitilte – Braitheadh go raibh cuma chlaonta ar na ceisteanna a cuireadh – Tugadh ‘Gúrú’ ar an nGearánach – Fiafraíodh den Ghearánach cén fáth ar fhág sé Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte – Thagair agallóir do chasaid phearsanta a bhí aige roimhe sin le hOifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte le linn an agallaimh – Bhraith an Gearánach gur díriodh air féin an cáineadh ar Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte – Bhraith an Gearánach go raibh cuma dhiúltach ar an dóigh ar beannaíodh dó ar dtús – Níor Seasadh leis an nGearán

Bhain an gearán seo leis an dóigh ar cuireadh an Gearánach faoi agallamh i ndáil leis an iarratas uaidh ar ardú céime chuig ról an tSáirsint Eitilte. Ba é an bunús a bhí leis an ngearán ná nár chloígh an Bord Agallaimh le Treoir Riaracháin A, Cuid 10 / Nithe Pearsanra, le CCR 448-A agus leis an Treoir maidir le Measúnú a Dhéanamh ar Chomórtais Ardaithe Céime le haghaidh Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe.

Seoladh an Comórtas Ardaithe Céime faoi choimirce CCR 448-A. Fuair na hiarrthóirí cóip den Treoir maidir le Measúnú a Dhéanamh ar Chomórtais Ardaithe Céime le haghaidh Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe don phróiseas agallaimh, rud inar luadh go ndéanfaí measúnú ag an agallamh ar na hinniúlachtaí uile atá liostaithe inti. Luadh inti freisin, áfach, nach ndéanfaí plé sonrach ar na hinniúlachtaí uile. I gcás nach dtarraingeofaí inniúlacht ar leith anuas go sonrach, dhéanfaí measúnú

- Leadership
- Ceannaireacht
- Obair Foirne
- Pleanáil agus Eagrú
- Inspreagadh
- Cinnteoireacht agus Fadhbriteach
- Taithí agus Rannpháirtíocht Mhíleata
- Cumarsáid

San aighneacht i scríbhinn a rinne an Gearánach chun tacú leis an ngearán uaidh, cáineadh an t-agallamh agus cáineadh go háirithe trí cheist a cuireadh lena linn, ba iad sin:

- D’fhiafraigh Uachtarán an Bhoird Agallaimh den Ghearánach cén fáth ar fhág sé Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte.
- D’fhiafraigh Uachtarán an Bhoird Agallaimh den Ghearánach conas a bhraith sé anois nach ionann é agus an ‘Gúrú’ a thuilleadh (toisc gur fhág sé Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte).
- D’fhiafraigh Ball den Bhord den Ghearánach cén fáth ar tháinig an oiread sin faisnéise míchirte ó Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte. Luaigh an Ball den Bhord ansin gur chuir sé iarratas

pearsanta isteach ar sheirbhís a dhéanamh thar lear nuair a bhí sé os cionn na haoisteorann forordaithe, rud nár moladh é.

- Ba é an toradh a bhí ar na ceisteanna agus na tráchtanna sin gur briseadh snáithe smaointe an Ghearánaigh toisc nár tháinig siad faoi chóras inniúlachtbhunaithe an agallaimh.
- Chuir an cheist maidir lena bheith ina ‘Ghúrú’ ina luí ar an nGearánach go raibh an Bord Agallaimh claonta ina aghaidh mar gheall ar a fhostaíocht roimhe sin in Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte agus nach bhféadfadh sé agallamh cothrom a fháil ón mBord Agallaimh dá bharr sin.
- Chuir an cheist maidir le faisnéis mhícheart a bheith ag teacht ó Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte ina luí ar an nGearánach go raibh sé é féin á choinneáil freagrach as laigí braise na hOifige agus nach bhfaigheadh sé measúnú cothrom ón mBord Agallaimh dá bharr sin.

Rinne Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata imscrúdú inmheánach ó Óglaigh na hÉireann. Chuir an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata Uachtarán an Bhoird Agallaimh agus na baill den bhord faoi agallamh agus d’fhéach sé ar a nótaí lámhscríofa ar an agallamh. Ní raibh aithne ag aon duine ar an mBord Agallaimh ar an nGearánach agus níor bhuail siad leis riamh ach oiread.

Ghlac Uachtarán an Bhoird Agallaimh leis gur fhiafraigh sé den Ghearánach cén fáth ar fhág sé Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte toisc go ndearna an Gearánach tagairt don taithí shuntasach a bhí aige san Oifig le linn dó ceist a fhreagairt maidir le hInniúlacht Ceannaireachta. Shéan an tUachtarán gur úsáid sé an téarma ‘Gúrú’.

Ghlac Ball den Bhord Agallaimh leis gur fhiafraigh sé den Ghearánach faoi chruinneas na faisnéise a tháinig ó Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte toisc gur luaigh an Gearánach gur ghá an fhaisnéis ar fad ón Oifig a bheith lánchruinn. Ghlac an Ball den Bhord leis go raibh a chuntas féin ar an trácht a rinne sé ar a roghnú



pearsanta do sheirbhís thar lear ar aon dul, tríd is tríd, le cuntas an Ghearánaigh. Mhaígh an Ball den Bhord nach bhféadfaí féachaint ar na ceisteanna uaidh mar cháineadh ar an nGearánach ná mar léiriú go raibh freagracht phearsanta ar an nGearánach as faisnéis mhícheart a bheith á tabhairt ag Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte.

Rinne an Gearánach gearán freisin faoi thrácht a rinne Uachtarán an Bhoird Agallaimh nuair a bhuail an bheirt le chéile cúpla nóiméad roimh an agallamh, tráth a dúirt an tUachtarán, “Is deas aghaidh a chur ar an ainm”. Mhaígh an Gearánach go ndúradh é sin ar bhealach diúltach agus gur fhág sé ‘ar bior’ é le linn an agallaimh. Ghlac an tUachtarán leis go ndearna sé an trácht, ach d’áitigh sé go ndúirt sé é ar bhealach cairdiúil ar mhaithe leis an nGearánach a chur ar a chompond.

Dhiúltaigh an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata do na gearáin agus chinn sé nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach. Thángthas ar an gcinneadh céanna sna tuarascálacha ina dhiaidh sin ón nGinearálóifigeach i gCeannas agus ón Leas-Cheann Foirne. Tugadh faoi deara sa tuarascáil ón nGinearálóifigeach i gCeannas gur mheas an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata go raibh na ceisteanna a cuireadh ar an nGearánach ar aon dul leis an treoír agus an oiliúint a tugadh don Bhord Agallaimh. Tháinig an Leas-Cheann Foirne ar an gconclúid nár léiriú cruinn ar an agallamh a bhí i mbraistint an Ghearánaigh go raibh an Bord Agallaimh claonta ina aghaidh mar gheall ar a fhostaíocht roimhe sin in Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte. Chinn an Leas-Cheann Foirne gur seoladh an t-agallamh ar bhealach gairmiúil neamhchlaon.

San athbhreithniú uaidh ar an nGearán, níor mheas an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann go raibh aon locht ar an gcéad dá cheist agallaimh a ndearnadh gearán fúthu. Chinn an tOmbudsman go raibh an chéad cheist ina cheist chuí maidir le scileanna Ceannaireachta an Ghearánaigh a fhiosrú tar éis dó béim a leagan ar an taithí luachmhar a ghnóthaigh sé in Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte. Ghlac an tOmbudsman leis gur dóigh gur úsáideadh an focal ‘Gúrú’, ach chinn sé nach raibh an focal, agus an comhthéacs inar úsáideadh é, maslach agus nár úsáideadh é ach amháin chun saineolas nó taithí a chur in iúl. Chinn an tOmbudsman gur úsáideadh an focal chun béim a leagan ar an leibhéal saineolais a bhí ag an nGearánach ar oibríochtaí Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte.

Maidir leis an tríú ceist, rud a chuir Ball den Bhord Agallaimh, d'fhéadfaí féachaint uirthi mar léiriú ar leibhéal éigin naimhdis i leith Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte. Ós rud é go raibh an Gearánach ag obair san Oifig ag an am a bhí i gceist, chinn an tOmbudsman go raibh sé intuigthe gur chuir an cheist sin isteach air. Chinn an tOmbudsman nár chuí don Bhall den Bhord casaoide phearsanta a tharraingt anuas.

Chinn an tOmbudsman go raibh cúis réasúnach ag an nGearánach lena mheas go raibh an Ball den Bhord claonta ina aghaidh mar gheall ar an mbaint a bhí aige roimhe sin le hOifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte. Mar sin féin, chinn an tOmbudsman gur chlaontacht bhraite é sin, seachas claontacht iarbhír, toisc nach raibh aon fhianaise ann ar chlaontacht iarbhír ar thaobh an Bhaill den Bhord. Thug an tOmbudsman faoi deara freisin nach raibh sa Bhall sin ach 25% den Bhord Agallaimh.

Léigh an tOmbudsman na nótaí lámhscríofa ar an agallamh. Tháinig sé ar an gconclúid nach bhféadfaí a rá le réasún go raibh na ceisteanna míchothrom nó míchuí

nó gur dóigh gur mhó an cur isteach a chruthaigh siad don Ghearánach ná an gnáthleibhéal struis a ghabhann le hagallamh. Ní raibh an tOmbudsman in ann sainaitheint a dhéanamh ar aon cheist nó aon topaic a d'fhéadfadh a bheith ina léiriú réasúnach ar chlaontacht iarbhír. Thug an tOmbudsman faoi deara, áfach, nár cheart d'agallóirí eispéiris dhearfacha a lua go díreach le linn agallaimh.

Bhreithnigh an tOmbudsman freisin an fhadhb a bhí ag an nGearánach leis an mbeannú ó Uachtarán an Bhoird Agallaimh – “is deas aghaidh a chur ar an ainm” – agus tháinig sé ar an gconclúid nach raibh an beannú maslach agus nach raibh sé ina léiriú ar chlaontacht, ar ionsaitheacht ná ar dhearcadh diúltach eile ach oiread. Mheas an tOmbudsman gur ráiteas neodrach é an beannú.

Cé gur ghlac an tOmbudsman leis go raibh fíorábhair inní ag an nGearánach faoi ghnéithe dá agallamh, ní raibh sé in ann locht a fháil ar an agallamh ná ar na saincheisteanna a tharraing an Gearánach anuas, ach amháin a mhéid atá leagtha amach thuas.



ACHOIMRE AR CHÁS 8

Teip líomhnaithe an Gearánach a cheapadh chuig post tar éis atheagrú Óglaigh na hÉireann - Duine eile a cheapadh chuig an bpost ina áit - Bhí sé rómhall achomharc a chur isteach in aghaidh na breithe ceapacháin - ceadaitear le halt 61 den Acht Fórsaí Cosanta, 1954, aistriú chuig cór eile le toiliú an aistrí - Níor fulaingíodh aon chaillteanas airgeadais iarbhir - D'fhéadfaí tuilleadh cúraim a ghlacadh maidir leis an nGearánach a chur ar an eolas faoin gceapachán - Níor Seasadh leis an nGearán

Bhain an gearán sa chás seo le teip líomhnaithe an Gearánach a cheapadh chuig post an tiománaí ina Chomplacht tar éis atheagrú Óglaigh na hÉireann agus le duine eile a cheapadh chuig an bpost ina áit.

Chuaigh an Gearánach isteach in Óglaigh na hÉireann sa bhliain 1985 agus bhí sé ag obair leis na hÓglaigh Cúltaca ón mbliain 2002 amach. Tráth atheagrú Óglaigh na hÉireann sa bhliain 2012, bhí an Gearánach ina thiománaí sannta le Complacht a atheagraíodh ina dhiaidh sin ina Chomplacht nua. Níor tháinig post an Ghearánaigh slán as an atheagrú, áfach. Mhaígh an Gearánach gur tharla sé, ag cruinniú a tionóladh i mí na Nollag 2012, gur thug an tOifigeach i gCeannas le fios dó gur ceapadh é chuig post an tiománaí sa Chomplacht nua. Shéan an tOifigeach i gCeannas gur cheap sé an Gearánach mar thiománaí agus d'áitigh sé nach raibh sé d'údarás aige déanamh amhlaidh. I gcás ar bith, cuireadh in iúl go foirmiúil don Ghearánach thart ar dhá mhí ina dhiaidh sin nach gceapfaí é chuig an bpost agus go gceapfaí duine eile ina áit. Cuireadh in iúl dó ag an am sin freisin nach bhféadfadh sé achomharc a dhéanamh in aghaidh na breithe mar thoradh ar an méid ama a chuaigh thart.

Chuir an Gearánach Fógra Gearáin isteach i mí Dheireadh Fómhair 2013, á líomhain go ndearna an Bord Sannacháin earráid gan é a athshannadh chuig post sa Chomplacht nua-atheagraithe i gcás nár roghnaigh sé Cór a athrú, go raibh sé cáilithe don phost sa Chomplacht nua-atheagraithe agus go raibh sé oiriúnach don phost mar gheall ar an áit a raibh sé lonnaithe. I gcomparáid leis sin, ba as Cór difriúil agus as láthair dhifriúil a tháinig an duine a ceapadh chuig an bpost. Líomhain an Gearánach go raibh an bhreith ina sárú ar alt 61 den Acht Fórsaí Cosanta, 1954, agus ar Threoir Riaracháin 02/2012. Luaigh an Gearánach gur fágadh faoi mhíbhuntáiste é toisc gur lean sé air ag obair sna hÓglaigh Cúltaca agus go raibh sé i mbaol a liúntas ó na hÓglaigh Cúltaca a chailleadh mar thoradh ar an mbreith ón mBord Ceapacháin. Mar shásamh, d'iarr an

Gearánach go gceapfaí é chuig post an tiománaí laistigh den Chomplacht nua-atheagraithe.

Rinneadh imscrúdú inmheánach iomlán ó Óglaigh na hÉireann ansin, agus tuarascálacha á n-ullmhú ag an Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata, ag an nGinearálóifigeach i gCeannas agus ag an gCeann Foirne idir an 14 Samhain 2013 agus an 10 Meitheamh 2014. Ba é an toradh a bhí ar an imscrúdú sin ná nár seasadh leis na gearáin. Sa tuarascáil ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata, rud ar aontaigh an Ginearálóifigeach i gCeannas agus an Ceann Foirne leis, cinneadh nár cheart tátal a bhaint as alt 61 go dtabharfaí tús áit do phearsana Cóir atá ann cheana le linn na poist Chóir uile a atheagrú. Níorbh é sin an dóigh ar cuireadh Treoir Riaracháin 02/2012 i bhfeidhm sa chleachtas. Ba é an aidhm a bhí le halt 61 soiléiriú a thabhairt ar cé acu a thoiligh nó nár thoiligh iarratasóirí le Cór a athrú, áit a ndeachaigh siad san iomaíocht le gach iarratasóir eile lena roghnú do phost. Níor ghlac an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata leis go ndearna an Bord Sannacháin earráid le linn a chuid pléití agus chinn sé nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach. San athbhreithniú uaidh an 6 Nollaig 2013, thug an Ginearálóifigeach i gCeannas faoi deara gur chuir atheagrú Óglaigh na hÉireann sa bhliain 2012 isteach go mór ar a lán comhaltaí reatha agus ar a dteaghlach. Rinneadh athstruchtúrú suntasach ar Óglaigh na hÉireann mar chuid den atheagrú sin, lenar áiríodh roinnt aonad a dhíbhunú agus aonaid eile a chónascadh.

Chuir sé iontas ar an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann nach ndearna an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata agallamh leis na daoine eile a bhí i láthair, dar leis an nGearánach,

ag an gcuinniú i mí na Nollag 2012. Cé gur ghlac an tOmbudsman leis nach raibh sé d'údarás ag an Oifigeach i gCeannas an Gearánach a cheapadh chuig post an tiománaí (faoi mar a d'áitigh sé), tháinig sé ar an gconclúid gur thug an tOifigeach i gCeannas le fios don Ghearánach go gceapfaí chuig an bpost é. Ghlac an tOmbudsman leis gur tháinig mórdhiomá ar an nGearánach nuair a fuair sé amach ag deireadh mhí Eanáir 2013 nach bhfaigheadh sé an post. D'fhág sé sin freisin go raibh sé rómhall achomharc a dhéanamh in aghaidh na breithe (tháinig an tréimhse ama le haghaidh achomharc a chur isteach in éag laistigh de sheacht lá).

Chinn an tOmbudsman go raibh sé soiléir go raibh an duine a ceapadh chuig an bpost i dteideal aistriú chuig Cór eile, toisc gur ceadáíodh le halt 61 d'Acht 1954 aistriú den sórt sin le toiliú an aistrí. Níor aistríodh an Gearánach, áfach, toisc gurbh amhlaidh sa chás seo gur ghlac Complacht nua áit a iar-Chomplachta. Thagair an tOmbudsman don tuarascáil ón gCeann Foirne an 10 Meitheamh 2014. Cé go raibh an duine a ceapadh chuig an bpost lonnaithe i láthair eile, fuair an tOmbudsman amach gur oibrigh an Complacht amach idir an dá láthair – an áit a raibh an duine lonnaithe roimh a cheapachán agus an áit a raibh an Complacht nua lonnaithe. Sa chás seo inar liostáil beirt ar an lá céanna agus inar fhan siad ag an gcéim chéanna, chinn an tOmbudsman go raibh sé réasúnach dul ar aghaidh ar an mbonn go measfaí gurbh ionann an duine sinsearach agus an duine ag a raibh an uimhir liostála níos ísle nó níos luaithe. Thug an tOmbudsman faoi deara gur leanadh le liúntas an Ghearánaigh a íoc leis tar éis na bliana 2012 agus nár fhulaing sé aon chailteanas airgeadais iarbhir sa chás seo dá bharr sin.

Mar achoimre, chinn an tOmbudsman gurbh amhlaidh, ach amháin i gcás an ghearáin faoin gceart achomhairc, gur dheimhin leis go raibh sé ceadmhach an duine eile a cheapadh chuig post an Tiománaí. Thug sé faoi deara, áfach, go raibh sé intuigthe gur mheas an Gearánach go raibh an bhreith géar i bhfianaise na seirbhíse móire a rinne sé roimhe sin leis an gComplacht de chuid na nÓglach Cúltaca a bhí i gceist. Thug sé faoi deara freisin go bhféadfaí tuilleadh cúraim a ghlacadh maidir leis an nGearánach a chur ar an eolas faoin gceapachán agus faoi na himthosca a bhí i bhfabhar an chomhghleacaí a ceapadh ar deireadh.



“

Faoi dheireadh na bliana seo, go ndéanfar gach cás neamhréitithe a chur i gcrích agus tuairisc a thabhairt orthu. Tá súil agam go ndéanfar na cásanna go léir a gheofar ina dhiaidh sin a chur i gcrích agus tuairisc a thabhairt orthu idir 6 seachtaine agus 8 seachtaine óna dtarchur le haghaidh imscrúdú iomlán, seachas in imthosca eisceachtúla.

ACHOIMRE AR CHÁS 9

Neamh-incháilitheacht chun páirt a ghlacadh i gCúrsa Oifigeach Féideartha - Cailleadh coinne liachta - Níor tugadh ach fógra dhá lá - Neamhréasúnach - Ag obair thar lear ag an am – Ba cheart go mbeadh sé seo intuartha - D'fhéadfaí tuilleadh iarrachta a dhéanamh an Gearánach a éascú - moladh rannpháirtíocht i gcúrsa den chineál céanna – Seasadh leis an nGearán.

Tá an Gearánach ina chomhalta de Chúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh agus roghnaíodh é le haghaidh páirt a ghlacadh i gCúrsa Oifigeach Féideartha de chuid Chúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh sa bhliain 2018. Theip ar an nGearánach áit a fháil ar an gcúrsa toisc gur chaill sé coinne measúnaithe liachta. Dar leis an nGearánach uaidh, níor tugadh sách fógra dó faoi dháta an mheasúnaithe liachta. Mar shásamh, d'iarr sé an áit ar an gcúrsa a tairgeadh dó ar dtús.

Fógraíodh an Cúrsa i mí Aibreáin 2018 agus ba é a bhí i gceist leis na critéir incháilitheachta ná measúnú liachta a rinneadh laistigh den 12 mhí roimhe sin. Ba ghá an t-aicmiú liachta sin a mheasúnú bunaithe ar scrúdú liachta a seoladh laistigh d'Óglaigh na hÉireann, seachas scrúdú liachta sibhialta, mar a bhí dóthanach ar shlí eile do phearsana na nÓglach Cúlta. Bhí an Gearánach thar lear ar thuras oibre an 30 Bealtaine 2018 nuair a fuair sé fógra go mbeadh a scrúdú liachta ar siúl an 1 Meitheamh 2018, ba é sin tréimhse fógra dhá lá. Ní raibh sé in ann freastal ar an scrúdú sin. Tar éis dó filleadh ar Éirinn, rinne sé iarracht coinne eile a shocrú roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2018, ach níor éirigh leis coinne a fháil. Cuireadh in iúl dó go bhfuair earcaigh de chuid na nÓglach Buan agus ceapaithe thar lear tosaíocht thar chomhaltaí de na hÓglaigh Cúlta do na coinní sin. Cé go bhfuair sé scrúdú liachta óna liachleachtóir ginearálta féin ar a chostas féin, ní raibh sé sin inghlactha faoi rialacha Óglaigh na hÉireann.

Toisc nach bhfuair an Gearánach an t-aicmiú liachta a bhí ag teastáil uaidh in am dóthanach, measadh é a bheith neamh-incháilithe chun páirt a ghlacadh sa Chúrsa. Diúltaíodh don iarratas a rinne sé ina dhiaidh sin ar dhul isteach sa chúrsa tamaillín tar éis a thosaithe, tráth a bhí an t-aicmiú liachta faighte aige. Dúirt sé, de bharr an Cúrsa a chailleadh, gur cuireadh stad lena ghairm i gCúlta na Seirbhíse Cabhlaigh agus nach raibh aon ionchas aige páirt a ghlacadh i gcúrsa den chineál céanna amach anseo mar gheall ar a aois.

Sa Tuarascáil ón Oifigeach Imscrúdaithe Mhíleata, thángthas ar an gconclúid gurbh eol don Ghearánach ó thús mhí Feabhra 2018 go raibh an cúrsa le seoladh níos

déanaí sa bhliain agus go bhfuair sé ríomhphost dar dáta an 6 Feabhra 2018 inar tugadh fógra dó faoin bhfáil ghinearálta shealadach a bheadh ann ar choinní liachta ar dhátaí difriúla i mí an Mhárta, i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2018. Ní raibh sé éigeantach coinne a ghlacadh ar aon cheann de na dátaí sin. Mhaígh an Gearánach gur cuireadh cosc air an scrúdú liachta riachtanach a lorg go dtí gur fógraíodh an cúrsa an 18 Aibreán 2018. Tháinig an tOifigeach Imscrúdaithe Mhíleata ar an gconclúid nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach agus bhí an Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh a rinne athbhreithniú ar an gcás ar aon tuairim leis. Ba dheimhin leis an gCeann Foirne freisin gur tugadh sách fógra don Ghearánach faoi riachtanais an chúrsa agus gur tugadh deis oiriúnach dó na riachtanais sin a chomhlíonadh.

Cé go raibh deis ag an nGearánach coinne liachta a fháil i mí an Mhárta, i mí Aibreáin nó i mí na Bealtaine 2018, chinn an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann nach raibh aon cheanglas air déanamh amhlaidh agus nár tugadh aon rabhadh dó go gcaillfeadh sé teideal chun coinne a fháil tráth níos déanaí mura dtapódh sé an deis. Fianaise air sin ba ea an fhírce gur tairgeadh coinne dó an 1 Meitheamh 2018. Chinn an tOmbudsman go bhféadfaí a rá gurbh fhógra róghearr é an fógra dhá lá a fuair an Gearánach faoi choinne liachta thart ar shé seachtaine tar éis an cúrsa de chuid Chúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh a fhógairt, go háirithe in imthosca ina raibh an Gearánach ina Chomhalta Cúlta a raibh ceangaltais sheachtracha oibre air. Ba cheart go mbeadh sé sin intuartha ag eagraithe an chúrsa agus d'fhéadfaí iarracht mhéadaithe a dhéanamh teacht ar dháta eile sna seacht lá nó mar sin tar éis dó filleadh thar lear.

Thug an tOmbudsman faoi deara gur réasúnach d'Óglaigh na hÉireann diúltú cead a thabhairt don Ghearánach dul isteach sa chúrsa tar éis a thosaithe ar mhaithe le sláine an chúrsa a chinntiú. Bhí deacracht phraiticiúil ag baint le sásamh a thabhairt don Ghearánach toisc go raibh an cúrsa a raibh sé ag iarraidh páirt a ghlacadh ann críochnaithe le fada an lá. Agus é ag seasamh leis an nGearán, mhol an tOmbudsman go ndéanfaí iarracht, a mhéid ab fhéidir, rannpháirtíocht an Ghearánaigh i gcúrsa den chineál céanna a éascú a luaithe ab fhéidir.

5 Gnóthaí Corparáideacha

Soláthar Foirne

Tá foireann an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann comhdhéanta de na daoine seo a leanas:

- Brian O'Neill, Ceann Oifige
- Michael O'Flaherty, Bainisteoir Cásanna
- Lauren O'Donovan, Oifigeach Feidhmiúcháin

Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Amhail i gcás Oifigí eile a gcistítear go poiblí iad, rinne an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann athbhreithniú foirmiúil ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais sa bhliain 2019. Cuireadh an t-athbhreithniú sin ar fáil don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá córas cuimsitheach buiséid i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú ar threochtaí caiteachais ar bhonn ráithiúil i gcomhar le cuntasóirí seachtracha an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

Cosaint Sonraí

Tá Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann cláraithe leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuirtear forálacha rúndacht faisnéise i bhfeidhm maidir leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann faoi alt 10 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004, mar seo a leanas [tabhair faoi deara: aistriúchán neamhoifigiúil]:

10. —(1) Ní iarrfar ar an Ombudsman ná ar bhall d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) aon fhaisnéis, aon doiciméad, aon chuid de dhoiciméad ná aon ní atá faighte ag an Ombudsman nó ag oifigeach imscrúdaithe le linn dó nó di réamhscrúdú nó imscrúdú a dhéanamh, nó chun réamhscrúdú nó imscrúdú a dhéanamh, faoin Acht seo ach amháin chun na gcríoch seo a leanas—

- (a) an réamhscrúdú nó an t-imscrúdú lena mbaineann,
- (b) aon ráiteas, tuarascáil nó fógra a dhéanamh, de réir an Achta seo, faoin réamhscrúdú nó faoin imscrúdú sin, nó
- (c) imeachtaí a bhaineann le cion faoin Acht um Rúin Oifigiúla, 1963, a líomhnaítear go ndearnadh é i ndáil le faisnéis nó doiciméad, cuid de dhoiciméad nó ní atá faighte ag an Ombudsman nó ag oifigeach imscrúdaithe de bhua an Achta seo.

(2) Ní iarrfar ar an Ombudsman ná ar bhall d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) fianaise a thabhairt in aon imeachtaí, seachas imeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(c)*, maidir le nithe a tháinig ar a iúl nó ar a hiúl le linn dó nó di réamhscrúdú nó imscrúdú a dhéanamh faoin Acht seo.

(3) (a) Féadfaidh an tAire fógra a thabhairt i scríbhinn don Ombudsman maidir le haon doiciméad, aon chuid de dhoiciméad, aon fhaisnéis nó aon ní a bheidh sonraithe san fhógra, nó maidir le haon aicme doiciméid, choda de dhoiciméad, faisnéise nó ní a bheidh sonraithe amhlaidh go ndéanfadh, i dtuairim an Aire, nochtadh (seachas don Ombudsman nó do bhall dá fhoireann nó dá foireann, lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) an doiciméid sin, na coda sin de dhoiciméad, na faisnéise sin nó an ní sin nó nochtadh doiciméad, aon chodanna de dhoiciméad, nó faisnéise nó aon ní den aicme sin dochar do leas an phobail nó do shlándáil an phobail ar na cúiseanna a bheidh luaite san fhógra.

(b) ní san Acht seo mar ní a údaraíonn don Ombudsman nó a cheanglaíonn ar an gcéanna aon doiciméad, aon chuid de dhoiciméad, aon fhaisnéis nó aon ní a bheidh sonraithe san fhógra nó aon doiciméad, aon chuid de dhoiciméad, aon fhaisnéis nó aon ní d'aicme a bheidh sonraithe amhlaidh a thabhairt d'aon duine nó chun aon chríche.

(4) I gcás go dtabharfar fógra faoi *fho-alt (3)(a)*, ní nochtfaidh an tOmbudsman ná ball d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) ceann ar bith díobh seo a leanas—

- (a) doiciméad, cuid de dhoiciméad, faisnéis ná ní a bheidh sonraithe san fhógra, nó
- (b) aicme doiciméid, choda de dhoiciméad, faisnéise ná ní a bheidh sonraithe san fhógra, d'aon duine nó chun aon chríche agus ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a údaraíonn don Ombudsman nó do bhall d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) aon ní dá dtagraítear i *mír (a) nó (b)* a nochtadh d'aon duine nó chun aon chríche nó a cheanglaíonn ar an Ombudsman nó ar bhall d'fhoireann déanamh amhlaidh.



Comhairle Barra na hÉireann

Tá Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann cláraithe faoin Scéim um Rochtain Ghairmiúil Dhíreach de chuid Chomhairle Barra na hÉireann. Baineann Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann úsáid as seirbhísí abhcóidí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaid chásanna in imthosca cuí.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann. Tá freagracht phríomha ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála as an mBeartas Sláinte agus Sábháilteachta maidir leis an bhfoirgneamh ina bhfuil an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann lonnaithe.

Saoráil Faisnéise

Faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, tá sé de cheart ag daoine aonair chun:

- Rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh Roinn Rialtais nó comhlachtaí poiblí áirithe, an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann san áireamh;
- A iarraidh go gceartófaí faisnéis phearsanta a bhaineann le duine aonair agus atá i seilbh Roinn Rialtais nó comhlachtaí poiblí áirithe, an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann san áireamh, i gcás go bhfuil an fhaisnéis sin míchruinn, neamhiomlán nó míthreorach;
- Cúiseanna a fháil le breith ó Roinn Rialtais nó ó chomhlachtaí poiblí áirithe, an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann san áireamh, i gcás go ndéanann an bhreith sin difear do dhuine aonair.

Cé na taifid a fhéadfaidh mé a iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise?

Faoi réir fhorálacha an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004, mar atá mionsonraithe thíos, féadfaidh duine aonair na taifid seo a leanas atá i seilbh an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann a iarraidh:

- Aon taifid a bhaineann go pearsanta le duine aonair, cibé uair a cruthaíodh iad;
- Aon taifid eile a cruthaíodh ó bhunú an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann i mí na Nollag 2005.

Féadfaidh 'taifead' bheith i gceann ar bith de na formáidí seo a leanas: doiciméad páipéir, faisnéis atá á coinneáil go leictreonach, asphriontaí, léarscáileanna, pleananna, micreascannán, etc.

Faisnéis atá toirmiscithe faoi alt 10 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004

Pléitear in alt 10 le rúndacht faisnéise arna bailiú ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann maidir le gearáin a imscrúdaíodh roimhe seo nó atá á n-imscrúdú faoi láthair. Luaitear ann:

“10.—(1) Ní thabharfaidh an tOmbudsman ná ball d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) aon fhaisnéis, aon doiciméad, aon chuid de dhoiciméad ná aon ní atá faighte ag an Ombudsman nó ag oifigeach imscrúdaithe le linn dó nó di réamhscrúdú nó imscrúdú a dhéanamh, nó chun réamhscrúdú nó imscrúdú a dhéanamh, faoin Acht seo ach amháin chun na críche seo a leanas—

- (a) an réamhscrúdú nó an t-imscrúdú lena mbaineann,
- (b) aon ráiteas, tuarascáil nó fógra a dhéanamh, de réir an Achta seo, faoin réamhscrúdú nó faoin imscrúdú sin, nó
- (c) imeachtaí a bhaineann le cion faoin Acht um Rúin Oifigiúla, 1963, a líomhnaítear go ndearnadh é i ndáil le faisnéis nó doiciméad, cuid de dhoiciméad nó ní atá faighte ag an Ombudsman nó ag oifigeach imscrúdaithe de bhua an Achta seo.”

Go bunúsach, níl feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise ach amháin maidir le comhaid riaracháin atá i seilbh an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann. Níl comhaid imscrúdaithe faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise.

Nochtadh Cosanta

Leasaítear an tAcht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004, mar a leanas le halt 20 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014:-


20. (1) Leasaítear alt 4 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):
- “(3A) Más é atá sa ghearán go ndearna duine an gearánach a phionósú nó pionósú (de réir bhrí an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014) a bhagairt

i gcoinne an ghearánaigh, nó gur chuir duine faoi deara go ndéanadh aon duine eile, nó gur cheadaigh duine d’aon duine eile, an gearánach a phionósú nó pionósú a bhagairt i gcoinne an ghearánaigh, mar gheall ar nochtadh cosanta (de réir bhrí an Achta sin) a dhéanamh—

(a) ní choiscfear ar an Ombudsman imscrúdú a dhéanamh ar aon ghníomh is ábhar don ghearán, agus

(b) ní ceadmhach don Ombudsman breith a thabhairt gan imscrúdú a dhéanamh, ná ní ceadmhach dó nó di breith a thabhairt gan leanúint d’imscrúdú, ar aon ghníomh den sórt sin, toisc nach ndearnadh aon ghearán faoi alt 114 d’Acht 1954.”.

(2) Ní difear an leasú a dhéantar le fo-alt (1) d’aon cheart chun gearán a dhéanamh, faoi alt 114 den Acht Cosanta, 1954, go ndearna duine an gearánach a phionósú nó pionósú a bhagairt i gcoinne an ghearánaigh, nó gur chuir duine faoi deara go ndéanadh aon duine eile, nó gur cheadaigh duine d’aon duine eile, an gearánach a phionósú nó pionósú a bhagairt i gcoinne an ghearánaigh, mar gheall ar nochtadh cosanta a dhéanamh nó chun aon chúis ghearáin i ndáil le gearán den sórt sin a chur isteach de réir rialacháin faoi fho-alt (4) den alt sin 114.



Notaí

[illegible]



Ombudsman for the Defence Forces
15 Lower Hatch Street
Dublin 2, Ireland

T: +353 1 663 3222
F: +353 1 663 3223
W: www.odf.ie E: admin@odf.ie